

Tuarascáil an Uachtaráin



2007 • 2008



NUI MAYNOOTH
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Ollscoil na hÉireann, Má Nuad



OLLSCOIL NA HÉIREANN, MÁ NUAD

Tuarascáil an Uachtaráin 2007-2008

Le cur faoi bhráid Údarás Rialaithe Ollscoil na hÉireann, Má Nuad ag an gcruinniú dá chuid ar an 15 Nollaig 2008.

Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Má Nuad, Co. Chill Dara
Guthán: +353 1 708 6000
Facs: +353 1 628 9063



ISSN: 1393-7170



Clár Ábhar

1. Brollach - Focal ón Uachtarán	3
2. Súil Siar ar an mBliain	8
2.1. Na hImeachtaí	8
2.2. Na Luachanna Saothair	12
2.3. An Seomra Foirne	17
2.4. Eispéireas na Mac Léinn	22
2.5. An Oifig Rochtana	28
2.6. An Leabharlann	32
2.7. Oifig na Gaeilge agus Oifig na dTeangacha Oifigiúla	36
3. Taighde	38
3.1. Buaicphointí Taighde	38
3.2. Gníomhaíochtaí Tráchtálaíochta	41
4. An tÚdarás Rialaithe	45
5. Airgeadas, Staitisticí & Urraitheoirí	46
5.1. Cuntais Ioncaim & Caiteachais	46
5.2. Staitisticí Mac Léinn	47
5.3. Urraitheoirí Taighde	53





An tOllamh John Hughes,
Uachtarán



1. Brollach – Focal ón Uachtarán

Modh Mear chun Ratha

Tá mórán rudaí a tharla den chéad uair sa bhliain acadúil is déanaí. Chonaic 2007 agus 2008 cláracha spreagúla i ndisciplíní nua; méideanna nach bhfacthas riamh do mhaoiniú taighde; buanna nua sa spórt agus i gcomórtais acadúla; leabhair, staidéir agus imeachtaí i réimsí úrnua; agus seirbhísí leabharlainne agus alumni nua.

Labhraíonn na staitisticí fáis in OÉ Má Nuad dóibh féin le deich mbliana anuas – méadú ó 3,400 mac léinn in 1997 go 8,400 in 2007 a fhágann go bhfuil sí ar an ollscoil is mó fáis in Éirinn. Ina theannta sin, creidim go dtugann an méadú ó roghanna céad áite CAO go figiúirí dubailte, 23% in 2007 agus 17% breise do 2008, le fios go bhfuil méadú tagtha ar stádas agus íomhá na hOllscoile. San am céanna, d'fheabhsaigh meán-phointí acadúla na mac léinn chomh maith le líon na scoláirí iontrála a ghnóthaigh os cionn 500 pointe sna scrúduithe ábhartha. Le straitéis an Rialtais á mheabhrú maidir le líon na gcéimithe PhD a dhúbailt faoi 2011, tháinig fás 14% ar an ngrúpáil seo le bliain anuas, agus bronnadh 51 PhD in 2007.

Chun leanúint le lánpháirtiú na hEorpa idir mhic léinn, scoláirí, ollaimh, ollscoileanna agus eagraíochtaí gaolmhara, rinneamar iarratas rathúil ar an gCairt Ollscoile Erasmus nua atá cistithe ag Clár an Choimisiúin Eorpaigh ar Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil 2007 go 2013. Tá fás suntasach le teach ar an bhfigiúr reatha de 350 mac léinn idirnáisiúnta agus

feictear dúinn go mbeidh líon na mac léinn Síneach ag leathnú ach go háirithe ó 90 i láthair na huaire go dtí os cionn 250 faoi 2010, mar a réadaítear buntáiste iomlán na gcomhpháirtíochtaí atá againn le hollscoileanna ceannasacha na Síne.

Ag coinneáil le traidisiúin chultúrtha, rinne an Oifig Idirnáisiúnta fáiltiú Cinn Bliana a óstáil mar cheiliúradh ar Bhliain an Fhraincigh. Thit an ceiliúradh ar chéad bhliain d'Ionad an Léinn Éireannaigh ag Beijing Foreign Studies University (BFSU) ag an am céanna le gníomhaíochtaí na seachtaine Lá 'le Pádraig. Chomh maith le foireann na hOifige Idirnáisiúnta a thug cuairt ar Bhéising, d'fhan an tOllamh Margaret Kelleher, Stiúrthóir An Foras Feasa (Institiúid do Thaighde i Traidisiúin Staire agus Chultúrtha na hÉireann) san ionad ag múineadh ar feadh ceithre seachtaine.

Chun tógáil ar an Meamram Tuisceana reatha agus chun ceangail a threisiú níos faide, tá Ollscoil Peking agus OÉ Má Nuad ag bunú Comhionad Síneach-Éireannach do Thaighde agus Oideachas. Is í aidhm an chomhoibrithe straitéisí faoi leith seo ná comhiarratais do thionscadail taighde eolaíochta idirnáisiúnta a eagrú, chomh maith le comhchláir oideachais agus oiliúna, malartuithe foirne agus oiliúint agus comhdhálacha idirnáisiúnta. Beidh fócas tosaigh an Ionaid ar thaighde i réimse Eolaíochta na Faisnéise Spásúlachta, le comhoibriú féideartha ar intinn sna réimsí: TF, Matamaitic, Bitheolaíocht, Ceimic agus Eolaíocht an Chomhshaoil. Cé gur



Ag seoladh na gCéimeanna Dlí nua tá (c-d): An Dr Robert Galavan, Ceann na Roinne Gnó agus Dlí; an tArd-Aighne, Paul Gallagher, SC; an tUachtarán John Hughes agus an Dr Neil Maddox, Léachtóir sa Dlí.

bealach comhoibrithe agus cumarsáide idir an dá institiúid atá ann go príomha, beidh ollscoileanna Síneacha agus Éireannacha agus institiúidí taighde rannpháirteach sna tionscadail chomhoibrithe mar is cuí. Tá Riarachán Stáit Ghnóthaí Saineolaithe Eachtrannach na Síne agus an tÚdarás um Ard-Oideachas in Éirinn ag tabhairt tacaíochta don tionscnamh.

Forbairt Chlár

Níl amhras ach go bhfuil ainmniú seasmhach na hOllscoile mar chéad rogha ag mic léinn tarlaithe toisc an nuálaíocht leanúnach atá léirithe againn agus an réimse leathan de nuachláir céime atá tugtha isteach, chomh maith leis na scéimeanna scoláireachta spóirt speisialta.

Tá tús curtha le cúrsa céime faoi leith atá dírithe ar ghairmeacha beatha atá dírithe ar thaobh bainistíochta na dtionscal rásaíochta agus capall, a bhfuil traidisiún láidir acu sa cheantar, leis an gcúrsa BA nua i nGnó Eachaí. Agus ó Mheán Fómhair 2008, cuirfear tús le dhá chúrsa sa dlí den chéad uair. Cúrsaí atá forbartha leis na cumainn dlí gairmiúla agus deartha mar chéimeanna chuig cáilíochtaí iarchéime, rinne an tArd-Aighne, Paul Gallagher SC na céimeanna Gnó agus Dlí agus Dlí le hEalaíon a sheoladh ag deireadh na bliana. Tugann an dá chlár comhonóracha trí bliana seo gnéithe leathana an ghnó agus na heilimintí ealaíon le chéile, a chinntíonn dá réir go bhfuil na scileanna cuí faighte d'fhostóirí sa todhchaí agus go bhfuil raon leathan de roghanna gairme ag céimithe. Tá an trí chúrsa seo chomh maith leis na céimeanna i nGnó agus Bainistíocht agus Airgeadas agus Bainistíocht Fiontraíochta ar fad ionchorpraithe san Roinn Gnó agus Dlí atá nuabhunaithe. Mar fhreagra ar éileamh

méadaithe ó mhic léinn agus tionscal, táimid ag iarraidh cláir máistreachta atá múinte agus comhlánaithe trí thaighde agus MBA feidhmiúcháin a fhorbairt go luath, faoi cheannaireacht Cheann na Roinne, Dr Robert Galvan, a ceapadh le déanaí.

Bhí baill foirne ó Bhithfhaisnéisíocht agus an Oifig Tráchtálaithe in éineacht le hionadaithe ón Oifig Idirnáisiúnta ag cruinniú le foireann an chláir ag Ollscoil Kentucky-Lexington chun na féidearthachtaí a fhiosrú maidir le malartú nó comhchlár céime sa Ghnó Eachaí. Ar an mbealach céanna agus tar éis dó a bheith ceaptha mar Dhéan an Oideachais Idirnáisiúnta in Aibreán na bliana seo, bhí an tOllamh Lawrence Taylor, An Roinn Antraipeolaíochta, i gceannas ar thuras chuig Ollscoil Arizona chun tionscadal comhoibrithe múinteoireachta a dhearadh agus chasadar le foireann chlár tionscail rás-riain chun na féidearthachtaí a fhiosrú maidir le malartú agus comhoibriú in gclár eachaí nua.

Idir €600,000 de mhaoiniú agus clár píolótach 2007 na Láithreán UREKA, tá cláir taighde bunchéime SFI-UREKA ar an infheistíocht aonair is mó i dtaighde fo-churaclaim mar seo san Ollscoil. Thar tréimhse trí bliana, déanfar 72 tionscadal taighde a stiúradh le saintreoir ó Ranna na Bitheolaíochta agus na Ceimice agus trí institiúid taighde, lena n-áirítear an Institiúid Imdhíoneolaíochta.

Sa réimse iarchéime, chuir Mary Harney, T.D., Aire Sláinte agus Leanaí, tús leis an gcéad chlár oiliúna PhD san Imdhíoneolaíocht i mí na Samhna. Tá an Bord Taighde Sláinte ag infheistiú €5 milliún chun tacú le hiontógáil 24 mac léinn PhD thar tréimhse ceithre bliana. I gcomhoibriú le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus Ollscoil na



Sa phictiúr in éineacht leis an Teachta Dála Mary Harney (sa lár) tá na chéad scoláirí ar an gclár oiliúna PhD HRB in Imdhíoneolaíocht (c-d): Sreeja Varghese; Sinead Kelly; Elizabeth Hennessy; Laura Tobin; Ashwini Lakkireddy agus Grace Zeng.

Banríona, Béal Feirste, déanfaidh an clár naisc nua a bhunú le comhpháirtithe tionscal den scoth.


Cúrsa eile atá sceidealta le tosú i Meán Fómhair 2008 ná Dioplóma larchéime sa Cheannaireacht Oideachasúil. Bunaithe ar chinneadh beartais náisiúnta go ndéanfaí clár forbartha gairmiúil a thairiscint in Éirinn do cheannaireacht scoile sa tothchaí, cuireadh an tionscnamh ar bun tríd an Roinn Oideachais agus Forbairt Ceannaireachta do Scoileanna.

Ba bhliain faoi leith í 2007 do dhámhachtainí taighde a bhí buaite go seachtrach – bhí €32 milliún slánaithe agus déanfar é a infheistiú sa trí nó ceithre bliana atá le teacht. In 2007 agus 2008, bhuamar dámhachtainí caipitiúla iomaíocha de €14.5 milliún do bhonneagar taighde tiomnaithe.

Dámhachtainí Taighde

Ba bhliain faoi leith í 2007 do dhámhachtainí taighde a bhí buaite go seachtrach – bhí €32 milliún slánaithe agus déanfar é a infheistiú sa trí nó ceithre bliana atá le teacht. In 2007 agus 2008, bhuamar dámhachtainí caipitiúla iomaíocha de €14.5 milliún do bhonneagar taighde tiomnaithe. Cuireadh tús le forbairtí a bhí deartha chun caighdeán na gclár PhD againn a fheabhsú, trí rochtain a sholáthar d'oiliúint scileanna inaistrithe agus ardchúrsaí i ndisciplíní sonracha, trí Chiste Nuálaíochta Straitéisí ÚAO (an tÚdarás um Ard-Oideachas). Tháinig an deontas tionscadail is mó a bronnadh riamh ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus tugadh os cionn €9 milliún don Ollamh Stewart Fotheringham, Ceann an Lárionaid Náisiúnta um Geoiríomhaireacht, chun tabhairt faoi chomhpháirtíocht tionscail-acadúil sna hArd-gheoiteicneolaíochtaí.

Ba bhliain faoi leith í 2007 do dhámhachtainí taighde a bhí buaite go seachtrach – bhí €32 milliún slánaithe agus déanfar é a infheistiú sa trí nó ceithre bliana atá le teacht. In 2007 agus 2008, bhuamar dámhachtainí caipitiúla iomaíocha de €14.5 milliún do bhonneagar taighde tiomnaithe.





Ag cur an ISSP i láthair tá: (c-d): An tOllamh Robert Kitchin, Cathaoir Choiste Bainistíochta an ISSP; an tOllamh Mary Hickman, Léann Éireannach agus Socheolaíocht, Ollscoil Cathrach Londain; an tUachtarán John Hughes; an tOllamh Jim Walsh, an tUachtarán Ionaí, OÉ Má Nuad, & Eoin O' Driscoll, Cathaoirleach Forfás.

Rinneadh maoiniú de €16 milliún a dheonú do sé chlár taighde faoi shraith 4 den Chlár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal an Údaráis um Ard-Oideachas (PRTL). Tugann an dámhachtain seo 7% de shraith iomlán an mhaoinithe agus 10% de leithdháileadh na hearnála ollscoile, a léiríonn go bhfuilimid fíor-iomaíoch i gcónaí. Cé go bhfuil an eilimint chaipitiúil (€5.6 milliún) comharthaithe don foirgneamh taighde nua do dhaonnachtaí idirdhisciplíneacha, eolaíocht shóisialta agus taighde eolaíochta, rinneadh fuilleach an mhaoinithe a leithdháileadh ar ionaid taighde barr feabhais éagsúla san Ollscoil, lena n-áirítear An Foras Feasa, an Institiúid um Thaighde ar Thraidisiúin Chultúrtha agus Staire na hÉireann, an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil agus an Lárionad Náisiúnta um Geoiríomhaireacht mar bhaill ceannasacha de Léibheann Eolaíochtaí Sóisialta na hÉireann (ISSP); agus Institiúid Hamilton.

Rinneadh Léibheann Eolaíochtaí Sóisialta na hÉireann, ar a dáileadh €16.5 milliún, a seoladh go hoifigiúil i Márta 2008 chun ceadú d'ollscoileanna agus institiúidí na hÉireann a bheith rannpháirteach i gcinntí faoi bheartas agus infheistíocht an Rialtais. Déanfaidh sé 52 mac léinn PhD a mhaoiní sna 10 bliana amach romhainn, chomh maith le 16 taighdeoir iardhochtúireachta agus foireann thacaíochta. Seolta mí níos déanaí, cruthóidh An Foras Feasa ar chostas €6 milliún 20 post taighde ar fiú €1.5 milliún iad, lena n-áirítear cúig iardhochtúireacht agus 12PhD.

Tionscnamh nua eile a tugadh isteach le bliain anuas ná Feadhnacht do Chomhrac na nGalar Bochtaineachta. Comhbhainistithe ag an Roinn Antraipeolaíochta agus an Institiúid Imdhíoneolaíochta, bunaíodh an Feadhnacht le

cúnamh €1.4 milliún ón gClár um Chomhoibriú Straitéiseach idir Chúnamh na hÉireann & na hInstitiúidí Ardoideachais agus Taighde (2007-2011).

Ar bhunús na ndámhachtainí taighde suntasacha seo agus le plean straitéiseach a shonraíonn cuspóir a bheith 'aitheanta go hidirnáisiúnta mar institiúid atá taighde-bhunaithe', tá ról ainmnithe againn do Leas-Uachtarán um Thaighde. An tOllamh Ray O'Neill a bheidh sa phost, arbh ó Bhéal Feirste ó dhúchas dó agus a thosaigh i Má Nuad sa bhliain 1993. Bhí postanna aige mar thaighdeoir iardhochtúireachta, léachtóir, Déan ar Dhámh na hEolaíochta agus le déanaí, ón mbliain 2005, mar Dhéan ar Staidéir Taighde agus Iarchéime. Mar eolaí, tá fíor-mheas ag Ray ar thaighde in eolaíocht agus innealtóireacht mar phríomhbhealach chun cultúr nuálaíoch a fhorbairt in Éirinn agus aithníonn sé an tionchar gur féidir le taighde cheannródaíoch sna daonnachtaí agus eolaíocht shóisialta a bheith aici ar shochoaí na hÉireann.

Comhoibriú Tionsclaíochta

Cé go bhfuil an tábhacht d'Éirinn maidir le taighde bhunúsach agus feidhmeach aitheanta go maith, go háirithe i gcomhthéacs muid féin a chur chun cinn mar shochaí eolasbhunaithe, tá sé riachtanach aschuir a fhorbairt ó thaighde trí aistriú eolais agus tráchtálú.

Le bliain anuas, thuairiscigh an Oifig Tráchtálaithe nua-fhoirmithe go raibh sé déag paitinn comhdaithe in éagsúlacht réimsí. Chuireadar sé idirbheart ceadúnais i gcrích chomh maith agus líon conarthaí comhoibrithe taighde le comhlachtaí aitheanta san earnáil phríobháideach. Sa chéad nasc creidiúnaithe idir Choláiste Innealtóireachta Intel agus ollscoil ar



bith ar domhan, déanfaidh Máistir Innealtóireachta nuálaíoch ónár n-ollscoil ardoideachas innealtóireachta a thairiscint do 86,000 de bhaill foirne na corparáide ilnáisiúnta seo. Cuireann an tionscnamh spreagúil seo áit dúinn i lár an aonaigh mar a bhaineann le comhoibriú ollscoile-tionscail san Eoraip.

Bhí an iomlán deonaithe ag Fiontraíocht Éireann don Ollscoil i gcistí tráchtálaithe níos mó ná €2 milliún don tréimhse acadúil 2007-2008. Ina theannta sin, chumasaigh beagnach €1 milliún de mhaoiniú ó Thionscnamh Treisithe an Aistrithe Teicneolaíochta don Oifig Tráchtálaithe forbairt a dhéanamh ar an bhfoireann, bogadh chuig an bhfoirgneamh Auxilia ar an gCampas Thuaidh, agus lógó nua, láithreán gréasáin agus nuachtlitir ar líne a fhorbairt.

Nuachóiriú ar Shaoráidí

Tá mórchaiteachas caipitiúil de €150 milliún tionscanta ag ár n-Ollscoil don trí bliana atá le teacht. Tá leabharlann ar chostas €25 milliún i measc na bpleananna, chomh maith le foirgneamh ar chostas €16 milliún don ealaíon agus eolaíochtaí sóisialta agus saoráid ríomhaireachta agus matamaitice ar chostas €12 milliún. Leis na nithe seo ag tarlú, thug ár Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, Frank Fitzmaurice, isteach struchtúr eagrúcháin agus bainistíochta eastát nua, chun forfheidmiú an chláir infheistíochta caipitiúla atá uailmhianach a éascú agus na caighdeáin arda de thimpeallacht agus saoráidí an champais reatha a choinneáil slán.


D'aistrigh na Ranna Socheolaíochta, Staidéir Shóisialta Fheidhmigh agus Staidéir Thaighde agus larchéime chuig suíomh nua in am don chéad

seimeastar. Beidh siad lonnaithe sa bhfoirgneamh Auxilia ar an gCampas Thuaidh. De dheasca na hathchóirithe ollmhóire seo, tá dhá halla ranga ollmhór nua d'úsáid ghinearálta na hollscoile, chomh maith le hoifigí foirne, seomraí cruinnithe agus spás iarchéime breise. Saoráid eile a fuair buntáiste ón nuachóiriú suntasach, ar chostas os cionn €1.5 milliún, ná an creis a fhreastalaíonn ar 53 leanbh i láthair na huaire. Bhí an síneadh páirtmhaoinithe ag deontas €1 milliún ón bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006, ag teacht le straitéis AE chun caighdeán an chúraim leanaí in Éirinn a fheabhsú.

Chun teagmháil a dhéanamh agus cumarsáid a athbhunú le hiar-mhic léinn na hOllscoile, tá an Oifig Alumni athseolta againn tar éis 10 mbliana. Tá siad tar éis a bheith gnóthach ag forbairt uirlisí cumarsáide agus imeachtaí leis an alumni a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí tábhachtacha.

Tá súil agam go mbainfidh tú taitneamh as an gcuid eile den tuarascáil seo a léamh. Tá súil agam go dtugtar blaiseadh duit dár n-iarachtaí le linn na bliana acadúla seo caite agus sonraí ar ghnéithe agus pearsana éagsúla na hOllscoile.

An tOllamh John G. Hughes
Uachtarán



2. Súil Siar ar an mBliain

2.1. Na hImeachtaí

Oscailte le haghaidh Staidéar

Cosúil le gach bliain eile, cuireadh fáilte go OÉ Má Nuad i rith na bliana roimh chomhairleoirí treorach agus príomhoidí scoile mórthimpeall na tíre. Tháinig os cionn 120 duine san Fhómhair chun foghlaim faoi chlár acadúla na hOllscoile, go háirithe raon céimeanna nua cosúil le Dlí agus Ealaíon, Oideachas Eolaíochta agus céimeanna sonraithe sa Bhéarla agus Stair, chomh maith le scoláireachtaí spóirt faoi leith atá ar fáil. San earrach, rinne **Comhdháil Náisiúnta na hInstitiúide um Chomhairleoirí Treorach** iarracht aitheantas a thabhairt don ról mar chomhairleoir treorach nua-aoiseach. Thug anRoinn Oideachais agus Eolaíochta, Intel, OÉ Má Nuad agus Fáilte Ireland tacaíocht don chomhdháil 'Guidance Counselling – Towards Meaning and Purpose'.

Mar chuid den Seachtain Dheonach náisiúnta, rinne Pat Carey, Aire Stáit na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta an chéad fhód a chasadh ar **Lá 'Give it a Swirl'** i "nGairdín na Náisiún" ar an 26 Meán Fómhair, a cruthaíodh ar an gCampas Thuaidh chun meascán idirnáisiúnta na mac léinn a chur in iúl. D'aimsigh turais an champais, taispeántais, léirithe, cainteanna, seisiúin faisnéise agus caidreamh le baill foirne agus mic léinn reatha, a ionchorpraíodh sna **Laethanta Oscailte** dhá mhí níos déanaí, an leibhéal is airde suime riamh ó iarratasóirí féideartha.

Tuiscint ar Eolaíocht

Eagraíodh imeachtaí ar théama na heolaíochta i gcaitheamh na bliana ar fad. I Meán Fómhair, bhí sé de phribhléid ag an Lárionad Náisiúnta um Geoiríomhaireacht an naoú de shraith comhdhálacha acadúla idirnáisiúnta san Eolaíocht Faisnéise Geagrafaí



Ag tírdhreachadh 'Gairdín na Náisiún' tá (c-d): Doreen O Byrne, Oifigeach Rannpháirtíochta Oifig na nOibrithe Deonacha, Cill Dara; Ian Russell, Oifigeach Seirbhíse na Mac Léinn; an tOllamh Jim Walsh, Leas-Uachtarán; Pat Carey, T.D., Aire Stáit ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta; Yvonne McKenna, Oifigeach Forbartha Náisiúnta, Comhairle Oibrithe Deonacha na hÉireann agus Mick Power, Príomhfheidhmeannach, Oifig na nOibrithe Deonacha, Cill Dara.



Ag glacadh páirte i gComhdháil 2007 sa Gheoiríomhaireacht tá (c-d): An tOllamh Stewart Fotheringham, Stiúrthóir, NCG; an tOllamh Menno-Jan Kraak, ITC; an Dr. Urška Demšar, NCG; agus an tOllamh Kirsi Virrantaus, Ollscoil Theicneolaíochta Helsinki.



Ag freastal ar an gComhdháil larchéime Ceoil tá (c-d): An Dr. Lorraine Byrne Bodley; Barbara Dignam; an tUachtarán John Hughes; Paul Higgins; Lisa Parker agus an tOllamh Barra Boydell.

a óstáil. Ba í seo an chéad uair a eagraíodh an imeacht seo in Éirinn, **Comhdháil 2007 sa Gheoiríomhaireacht**, a thug le fios go raibh méadú ag teacht in Éirinn ar thábhacht an domhain taighde GIS.

Rinne an Ollscoil Seachtain Matamaitice na hÉireann a óstáil i lár Deireadh Fómhair. Toisc tuarascálacha a bhí inníoch faoi inniúlachtaí matamaiticiúla na mac léinn Éireann sa dara leibhéal cúpláilte le gnóthachtáil íseal san ábhar, d'oscail Roinn na Matamaitice **Lárionad Tacaíochta Matamaitice** ar an 15 Deireadh Fómhair chun cuidiú le mic léinn a bhfuil deacrachtaí acu lena staidéir mhatamaiticiúil. Tharla os cionn 75 comhairliúchán aonair sa chéad sé seachtaine amháin. Lá níos déanaí, chuir buaiteoir na Duaise Nobel, an tOllamh Frank Wilczek, tús le cúrsaí don 150 duine a bhí rannpháirteach i **Siúlóid Hamilton**. Ainmnithe tar éis an matamaiticeoir ardéirime chomh maith agus dírithe ar mhatamaitic a chur chun cinn i measc na mac léinn dara leibhéal, meallann **Dúshlán Matamaitice Hamilton** móréileamh agus iontrálacha ar an gcomórtas ar líne ó bhreis agus 30 scoil sa réigiún. Fuair beirt den seisear gníomhaí is fearr ag fiche haonú **Olimpiad Matamaiticiúil na hÉireann** a gcuid oiliúna san Ollscoil: Bhí Jack McKenna ó Choláiste an Droichid Nua i gContae Chill Dara agus Nick Byrne ó Choláiste Ráithín i mBaile Chill Mhantáin in iomaíocht sa chomórtas idirnáisiúnta.

Chonaic **Seachtain na hEolaíochta** bliantúil na figiúirí is mó riamh ó thaobh líon na ndaoine agus clúdach sna meáin, trí shraith gníomhaíochtaí do mhic léinn scoile agus daoine fásta a rinne mórthionchar na heolaíochta ar an saol laethúil a fhiosrú. Urraithe ag Yakult, Intel agus an Institiúid Fisice, tionóladh na ranganna **praiticiúla eolaíochta** móréilimh i saotharlanna na hOllscoile ag tús 2008. Bhí deis ag

2,900 mac léinn ardeistiméireachta ar fud na tíre os cionn 20 turgnamh idirghníomhach a stiúradh i lá amháin le saintreoir. Is ócáid iontach í do dhaltai chun súil siar a chaitheamh ar gcuraclam, taithí phraiticiúil a fháil agus foghlaim faoi shaol na hollscoile san am céanna.

Taibhiú na n-Ealaíon

Rinne taispeántais agus taibhléiríthe éagsúla ceiliúradh ar ghníomhaíochtaí sna hEalaíona le bliain anuas. Chuir an dara **Féile John Field** John O'Connor agus Ceolfhoireann Aireagail RIAM i láthair chomh maith le clár iomlán de léachtaí agus taibhléiríthe eile. Bhí an chéad taibhiú iar-Reifirméisín d'oifig mheánaoiseach déanach do Naomh Pádraig tugtha ag an ensemble luath-cheoil Albanach, **Canty**, le linn míosa an Naoimh. Tharla sé ag an am céanna le seoladh de thaifeadadh CD, mar chuid de thionscadal taighde ar fhoinsé ábhar don Liturgical Veneration of Irish Saints in Medieval Europe atá maoinithe ag IRCHSS.

Chonaic Márta forbairtí nua don Roinn Ceoil chomh maith le **Comhdháil larchéime Ceoil** don chéad uair, agus bhí 17 páipéar curtha i láthair ag mic léinn taighde MLitt agus PhD, chomh maith le heochairóráidí ón gceoleolaí iomráiteach, an tOllamh Nicholas Cook (Royal Holloway, Londain) agus an tOllamh Eda Sagarra (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath). Rinneadh an chéad eagrán den **Maynooth Musicology Postgraduate Journal** a eisiúint ag an imeacht chomh maith. Níos déanaí sa mhí céanna, bhí comhdháil dar teideal **'Translation in Second Language Learning'** óstáilte san Ollscoil ag an Dr Arnd Witte, Roinn na Gearmáinise agus an tOllamh Theo Harden ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Bhí 35 cainteoir ó 14 tír rannpháirteach sna comhráite táirgiúla.



Ag an gComhdháil 'Talmhaíocht in Aeráid Athraitheach' tá (c-d): Bernard Rice, Ionad Taighde Barraí, Teagasc; an Dr Rowan Fealy, ICARUS; Margaret Irish, Eagraí na Comhdhála; Alan Dukes, Stiúrthóir Ginearálta na hInstitiúide Gnóthaí Eorpacha agus iarAire Talmhaíochta; an Dr John Sweeney, ICARUS; Billy Murphy, Cathaoirleach, Coiste Stiúrtha Champas Chill Chainnigh agus iarLeas POF Glanbia agus Michael Prendergast, Kilkenny Cereals Ltd.

Le linn ceathrú deiridh na bliana, tugadh spreagadh do mhic léinn dul i ngleic le comhairleoirí, Teachtaí Dála, mórphearsana gnó agus ionadaithe ceardchumann le taithí ar an mbealach a bhíonn tionchar ar bheartas rialtais, agus ar an mbealach a dhéantar é a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú.

Le linn ceathrú deiridh na bliana, tugadh spreagadh do mhic léinn dul i ngleic le comhairleoirí, Teachtaí Dála, mórphearsana gnó agus ionadaithe ceardchumann le taithí ar an mbealach a bhíonn tionchar ar bheartas rialtais, agus ar an mbealach a dhéantar é a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú.

Taobh Sóisialta na hEolaíochta

Mar chomóradh deich mbliana ar Champas OÉ Má Nuad i gCill Chainnigh, bhí, **'Talmhaíocht in Aeráid Athraitheach'** mar théama na comhdhála a rinne scrúdú ar thionchar féideartha an athraithe aeráide chomh maith leis na rioscaí agus deiseanna don earráil. Rinneadh an chomhdháil a óstáil i gCaisleán Chill Chainnigh go luath i nDeireadh Fómhair, agus bhí an Dr John Sweeney ó ICARUS, Alan Dukes, An tOllamh Liam Downey agus an Dr Rowan Fealy i measc na gcainteoirí. Rinneadh cloch mhíle eile a chomóradh, an 70ú comóradh de ghlacadh Bunreacht na hÉireann, a cheiliúradh trí shraith de léachtaí poiblí dar teideal **'Who's running the country?'**, a bhí eagraithe ag Roinn na n-Eolaíochtaí Sóisialta Feidhmeacha. Le linn ceathrú deiridh na bliana, tugadh spreagadh do mhic léinn dul i ngleic le comhairleoirí, Teachtaí Dála, mórphearsana gnó agus ionadaithe ceardchumann le taithí ar an mbealach a bhíonn tionchar ar bheartas rialtais, agus ar an mbealach a dhéantar é a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú. Bhailigh an Roinn trasghearradh den sochaí chomh maith chun tuairimí agus dea-chleachtas a mhalartú ar **'Reiligiún agus Creideamh i Sochaithe Athraitheacha agus Ilghnéitheacha'**, mar chuid de Bhliain Eorpach an Chomhphlé Idirchultúrtha agus an Seachtain Náisiúnta Frithchiníochais agus Idirchultúrtha bliantúil i mí Aibreáin.



Sa phictiúr ag seoladh *The Atlas of the Island of Ireland* tá na húdair (c-d): Brendan Bartley; John Driscoll, an Institiúid um Fhorbairt Uirbeach Idirnáisiúnta; Rob Kitchin; Justin Gleeson & Ronan Foley le Tommie Gorman ó RTÉ.



Saothair i gCló

Bhí imeachtaí i Má Nuad agus an Ceoláras Náisiúnta tionlactha ag seoladh **Proserpina**, Méaldráma Goethe le ceol ag Carl Eberwein, agus curtha in eagar ag an Dr Lorraine Byrne Bodley ón Roinn Ceoil. Fuair an Dr Bodley amach faoi shaothar ceoil anaithnid nuair a bhí sí ag obair ar aistriú litreacha Goethe. Déanann imleabhar de **'Texts and Culture in late Antiquity: Inheritance, Authority and Change'**, atá crutha in eagar ag an Ollamh David Scourfield ó Roinn na Seanchlasaí, na gaolmhaireachtaí idir údair agus téacsanna fadréimseacha a chioradh atá faighte trí thraidisiúin chlasaiceacha agus Chríostaíochta.

Chinntigh codanna comhoibríocha ó ranna difriúla, lena n-áirítear Séamus MacGabhann (eagarthóir), Béarla, Dr Paul Gibson, Tíreolas, agus an tOllamh Raymond Gillespie, Stair, go raibh scoláirí Mhá Nuad go mór chun cinn i **Ríocht na Midhe** (2007). Bhí an 15 alt agus athbhreithnithe luachmhara leabhair, ag réimniú ón tréimhse réamhstairiúil chuig an lá inniu,

seolta ag an Dr Sár-Oirmhinneach Richard Clarke, Easpag na Mí agus Cill Dara.

Saothar atá le heisiúint san athbhliain, soláthraíonn **'Atlas of the Island of Ireland'** sraith de léarscáileanna agus cartagraim go hiomlán i ndath do raon athróga trasna na hÉireann agus déanann sé bunús fianaise a chur ar fáil do phleanáil trasteorann atá ag teastáil go géar. Bhí Justin Gleeson, Rob Kitchin, Brendan Bartley, Ronan Foley agus Stewart Fotheringham ó NIRSA agus NCG i measc na bpríomhúdar. Baineadh rud eile amach den chéad uair nuair a foilsíodh **'Mortgages Law & Practice'** le Dr Neil Maddox, léachtóir dlí sa Roinn Gnó agus Dlí. Dírithe ar ghairmithe dlí agus airgeadais, is treoir chuimsitheach an leabhar ar reachtaíocht agus cásdlí go mbíonn tionchar acu ar mhorgaistí in Éirinn agus ar na táirgí airgeadais atá ar fáil sa mhargadh. **'Roger Casement: Imperialist, Rebel, Revolutionary'** atá mar theideal ag an gcéad leabhar le Séamas Ó Síocháin ón Roinn Antraipeolaíochta. Shonraigh aoi-





An Dr Bernadette Alcock,
Roinn na Ceimice



chainteoir an tseolta, Niall Crowley, POF an Údaráis Comhionannais, na nithe suntasacha a bhí bainte amach ag Casement ar son cúiseanna daonnúla.

For-Rochtain

Tá teagmháil le mic léinn na hardteistiméireachta agus léargas a thabhairt dóibh ar 'Thaithí Mhá Nuad' fós mar thosaíocht na hOllscoile. Eagraíodh roinnt eagraíochtaí chun na críche seo i gcaitheamh na bliana seo caite. Bunaíodh láithreán gréasáin tiomnaithe dar teideal Téacs Gaeilge Beo nó **TG Beo** go sonrach chun nótaí agus ceisteanna samplacha a sholáthar do shiollabas na Gaeilge agus é a dhéanamh níos inrochtana agus soláimhsithe. D'fhéadfadh na mic léinn freagraí a aimsiú ar líne chomh maith trí Roinn na Gaeilge.

Mar aitheantas ar an bhfíric gur féidir le tús na hollscoile a bheith dian, go háirithe na seachtainí roimh threoshuíomh, agus chun cuidiú le mic léinn na céad bliana agus a dteaghlaigh san athrú idir scoil agus ollscoil, rinneadh **láithreáin gréasáin ilfhreastail** a dhearadh. Tá sé inrochtana tríd an bpríomhláithreán gréasáin agus leis an bhfaisnéis reatha ar fad ar leathanach amháin, soláthraíonn an acmhainn seo naisc thapúla chuig na seirbhísí úsáideacha ar fad tugann sí tús maith do mhic léinn ar na háiteanna le rudaí a fháil agus conas iad a aimsiú.

2.2. Na Luachanna Saothair

Dámhachtainí na mBall Foirne

Bhuaigh foireann thrasdáimhe ón Ollscoil maoiniú de €1 milliún go neasach ó Atlantic Philanthropies chun measúnú a dhéanamh ar **The Incredible Years Ireland programme**, a dearadh chun deacrachtaí mothúchánacha agus iompraíochta i leanaí a chosc agus a mhaolú. I gcomhar le comhghleacaithe ó ollscoileanna eile in Éirinn agus sa RA, tá súil ag an bhfeadhnacht faoi stiúir an Dr Sinead McGilloway ón Roinn Síceolaíochta go mbeidh tionchar ag na torthaí ar bheartas agus cleachtas sa todhchaí. Gnóthaíodh dámhachtain mhór eile de thoradh taighde ag an Dr Bernadette Alcock ar **chosaint acmhainní uisce na hÉireann**. Bhí an €770,000 seo deonaithe ag Roinn na Ceimice faoin Scéim um Thaighde Forbartha Comhshaoil Féideartha (Developing Environmental Research Potential Scheme).

Mar chosaint ar chomhionannas, fuair an Dr Aedin Doris, an tOllamh Donal O'Neill agus an Dr Olive Sweetman ón Roinn Eacnamaíochta €40,000 ón IRCHSS do staidéar dar teideal '**A Study of Earnings Dynamics and Inequality across European countries**'. Bhí Comhaltachtaí Taighde lardhochtúireachta Rialtais na hÉireann urraithe ag IRCHSS chomh maith - bronnadh na comhaltachtaí





An Dr JoAnne Mancini,
An Roinn Staire



Anne Gallagher,
Stiúrthóir na Teanglainne



seo ar an Dr Deaglán Ó Donghaile agus an Dr Denis Condon. Bronnadh an Comhaltacht Gearrthéarmach na Leabharlainne Clark ar an Dr Ó Donghaile i Roinn an Bhéarla chomh maith chun taighde a stiúradh in Ollscoil California maidir leis an scríbhneoir Éireannach Oscar Wilde.


Sa chéad staidéar dá chineál, déanfaidh an Dr Gavan Titley, an Dr Rebecca King agus an Dr Alphra Kerr staidéar 18-24 mí a stiúradh dar teideal **'Irish broadcasting and the 'New Ireland': mapping and visioning cultural diversity'**. Rachaidh an taighde i ngleic le lucht féachana agus éistoirí na Polainne, na Síne agus na Nigéire. D'éirigh leis an Dr Titley, Ceannt Ábhar do Staidéar Meán, an tionscadal a dhaingniú tríd an scéim mhaoinithe taighde nua ag Coimisiún Craolacháin na hÉireann.

Aitheanta mar "scrúdú úrnua agus sofaisticiúil ar athrú cultúrtha agus na meicníochtaí atá aige sa ré nua-aoiseach", bronnadh **Duais Charles C. Eldredge 2008** ar an Dr Joanne Mancini do Scoláireacht Dhearscna in Ealaín Mheiriceánach dá leabhar ar fhoinsí an nua-aoiseachais Meiriceánaigh. Bronnadh ceann de na dámhachtainí is sine ar domhan, an **Chevalier de l'Ordre des Palmes Académiques**, ar Anne Gallagher, Stiúrthóir na Teanglainne, dá cuid oibre ar chur chun cinn an ilteangachais agus an oideachais teanga.

Éachtaí na Mac Léinn

Fuair sárfeidhmíocht agus ardchaighdeán acadúil na mac léinn ag OÉ Má Nuad aitheantas trí shraith de shearmanais bhronnta le linn an fhómhair. Chonaic na **Duaiseanna agus Dámhachtainí Scoláireachta** bliantúla mic léinn bunchéime agus iarchéime ó mhórán ábhar ag fáil os cionn 180 duais, agus bhronn

Bhuaigh foireann thrasdáimhe ón Ollscoil maoiniú de €1 milliún go neasach ó Atlantic Philanthropies chun measúnú a dhéanamh ar *The Incredible Years Ireland programme*, a dearadh chun deacrachtaí mothúchánacha agus iompraíochta i leanaí a chosc agus a mhaolú.





Foireann VVVisions (c-d) Brendan Moore, James Dowling agus Andrew Thompson sa phíctiúr leis an Uachtarán John Hughes ag Dámhachtainí Shell Livewire Uile-Éireann Fiontraí Óg na Bliana 2007.

an 89 scoláireacht iontrála duais orthu siúd leis na marcanna is airde san Ardteistiméireacht trí bhuntáistí airgeadais agus cóiríochta.

Bhí ceathrar mac léinn san Eolaíocht Ríomhaireachta a chuimsigh den bhFoireann InGest i measc na sé buaiteoirí tosaigh sa chomórtas domhanda **Imagine Cup** a tionóladh an samhradh seo caite i Seoul. Fuair Eric McClean, Mark Clerkin, Cathal Coffey agus Daniel Kelly an ceann is fearr ar bhreis agus 300 mac léinn ó 55 tír lena réiteach bogearraí chun teanga chomharthaíochta a theagasc. Bliain níos déanaí i mí Iúil 2008, tháinig Foireann AcidRain sa dara háit sa chomórtas céanna, agus iad buacach ar bhreis agus 200,000 mac léinn ó níos mó ná 100 tír. Thóg Brian Byrne agus Karl O'Dwyer chomh maith le Aodhan Coffey ó na Ranna Eolaíochta Ríomhaireachta agus Innealtóireachta Leictreonaice faoi seach trealamh tiontaíthe optamaithe agus leabaithe a thugann réiteach nua ar an bhfadhb maidir le hastuithe carbóin a laghdú trí innealra cumhachtaithe le hola glasraí a chumasú. Thiomáineadar chuig an gcrabhadh i bPáras fiú amháin i gcarr díosail a bhí breoslaithe ag ola lus gréine mar chuid dá dtionscadal.

Chuir triúr mac léinn ón BSc in Airgeadas agus Bainistíocht Fiontraíochta a gcuid staidéir i gcleachtadh go cinnte trína dtionscadal buacach ag **Dámhachtainí Shell Livewire Uile-Éireann Fiontraí Óg na Bliana 2007**. Measúnaithe ar a gcumas, féidearthacht agus inmhárthanacht fadtéarmach an ghnó – tuáille gailf nuálaíoch a bhaineann gach salachar agus smionagar ó chinn an mhaide gailf – bhuaigh foireann VVVisions le Brendan Moore, James Dowling agus Andrew Thompson €5,000 chomh maith le haitheantas suntasach. Chuaigh an triúr ar aghaidh le bheith buacach ag Seó Marsantachta PGA 2008 i Florida, áit ar vótáil leadh an V-Towel Elite ar an 'Táirge Nua is

Fearr' as beagnach 400 iontráil. Tá ceithre thairge ag an gcuideachta ina bpunann branda Vicarious Golf, agus tá beart infheistíochta luachmhar sínithe acu le hinfheisteoir phríobháideach agus an chéad fhostaí fostaithe acu.

In iarracht chomhoibriú idir Institiúid Hamilton agus na Ranna Eolaíochta Ríomhaireachta agus Innealtóireachta Leictreonaice cúpláilte le hOllscoil Newcastle (An Astráil), bhuaigh an comhfhoireann róbataice sacair 'Numanoids' a **Corn an Domhain RoboCup 2008 de Shraith an Léibhinn Chaighdeánaigh (Róbait 2-Chosach)** sa tSín. Faoi cheannaireacht an Ollaimh Rick Middleton in Institiúid Hamilton, d'éirigh go geal le Alexander Buckley agus Shekman Tang ar son na hOllscoile in gcéad iontráil sa chomórtas ina raibh 440 foireann ó 35 tír.

Bhí Robert Kelly buacach chomh maith, iarrthóir PhD san Eacnamaíocht, a ghnóthaigh an duais don pháipéar is fearr ag eacnamaí óg ag an 22ú **Comhdháil Bhliantúil Cumainn Eacnamaíochta na hÉireann**. Rinne a thaighde fiosrú ar thorthaí cothromais ar Stocmhalartán London. Chuaigh Claire Dormer, atá ag staidéar i Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaice, i gcion ar bhreithimh go leor leis an gcrabhadh de **Dámhachtainí Hewlett-Packard Invent** a shroicheadh lena haireagán de ghléas athshlánaithe stróc.

Ag coinneáil leis an mbliain ghníomhach sa Roinn Ceoil, bhí sé oiriúnach gur bronnadh **Dámhachtainí Ghnóthachtála Ealaíne** ar Cheolfhoireann Ollscoile Mhá Nuad do chur chun cinn an cheoil nua, a bhí spreagtha ag iontrálacha buacacha bunchéime agus iarchéime i gComórtas na gCumadóirí Ceolfhoirne 2007.



(Chun tosaigh c-d): Bob Joyce; Charlie McCreevy; an Dr Attracta Halpin, Cláraitheoir OÉ; an Dr Garret FitzGerald, Seansailéir Ollscoil na hÉireann; Noelle Campbell Sharp & an tOllamh Kumpati S. Narendra. (Ar chúl ó chlé go deas): An tUachtarán John Hughes; Dan Flinter; an tOllamh Jim Walsh; an Dr Alison Hood agus an tOllamh Robert Shorten.

Chruthaigh rogha mac léinn ó Dhámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta a bhfiúntas trí dhianchomórtas. D'éirigh le 10 taighdeoir cumasach óg, a bhfuil sé beartaithe acu a gcéimeanna dochtúireachta a thosú níos déanaí sa bhliain, sciar de €10.8 milliún a shlánú laistigh de **Scéim Scoláireachta larchéime Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht**. Díreoidh na hionchais mhaithe acadúla ar réimsí cosúil le réaltfhisic agus na feidhmiúcháin ríomhaireachta sa chúram sláinte.

Bronnadh Céimeanna Oinigh

I Meitheamh 2007, bhronn an Dr Garret FitzGerald dochtúireachtaí ar Choimisinéir an AE dá thionchar ar pholaitíocht na hÉireann agus na hEorpa; ar Noelle Campbell Sharp, tionscnóir Ealaíne suntasach; ar Bob Joyce, ceannaire sa tionscal airgeadais agus tacadóir

leis na hEalaíona, staidéir acadúla agus carthanachtaí éagsúla; agus ar an Ollamh Kumpati Narendra, saineolaí inmheánach i réimse na heolaíochta agus na hinnealtóireachta. I Meán Fómhair, bronnadh Dochtúireacht sa Cheol ar Barry Douglas dá chumas ilghnéitheach, ag réimniú ó thaibheoir agus stiúrthóir coinséartó go stiúrthóir féile. Bronnadh an chéim chéanna ar Joanna Crooks mar aitheantas ar bhreis agus scór bliain atá caite aici ag teagasc agus ag cur chun cinn an cheoil i measc óige na hÉireann. Den chéad uair, tharla searmanas bronnta na gcéimeanna oinigh seo i gcomhar le bronnadh trí PhD agus os cionn 80 dioplóma, céim agus máistreacht sa cheol.

Mar bhuíochas don tionchar faoi leith a bhí aige mar cheannaire pobail agus dá chuid seirbhísí don phobal, bronnadh Máistir Oinigh ar an gComhairleoir Tony McEvoy. Sa tseachtain chéanna, fuair os cionn 1,500 mac léinn a gcáilíochtaí BA, MA agus PhD. Bronnadh



Barry Douglas & Joanna Crooks leis an tUachtarán John Hughes.



Helen Ó Murchú; an tOllamh Munira Hamud Mutran; Lee Mallaghan agus an Dáma Nuala O'Loan.



A Mhórgacht an Aga Khan agus an tUachtarán John Hughes.

na céimeanna seo ar lá bronnta céimeanna an fhómhair i mí na Samhna chomh maith le dioplómaí, ard-dioplómaí agus dioplómaí iarchéime do bhreis agus 450 mac léinn. Rinneadh Máistir Ealaíon a bhronnadh ar Jim Lawlor agus Jim Devine chomh maith. Níos déanaí sa tseachtain chéanna, bhí ceiliúradh ar chomóradh deich mbliana de Champas For-Rochtana na hOllscoile i gCill Chainnigh le céimeanna, dioplómaí, teastais agus PhD bronnta ar 160 céimí chomh maith le trí mháistir oinigh ar dhaoine áitiúla lena n-áirítear Ned Quinn, Patrick Lydon agus Maureen Hegarty.

I Meitheamh 2008, bronnadh dochtúireachtaí oinigh ar Nuala O'Loan, iar-Ombudsman Póilíneachta Thuaisceart Éireann, Lee Mallaghan, fear gnó agus úinéir Theach Carton, Munira Hamud Mutran, ceannaire sa Léann Éireannach ó Mheiriceá Theas agus Helen Ó Murchú, scoláire Gaeilge. Mar chríoch le bronnadh céimeanna na bliana, bronnadh dochtúireacht dlí oinigh ar A Mhórgacht an Aga Khan. Lena shaol tiomnaithe aige do dhéileáil le ceisteanna tromchúiseacha sa domhan forbraíochta, bhí an Aga Khan luaite as “sárobair atá déanta aige maidir le bochtaineacht dhomhanda a dhíbirt, cur ar aghaidh ban, an cultúr Ioslamach a chothú agus luachanna iolraíochta a chur chun cinn.”



An tOllamh Tom Collins, an Déan ar Dhámh na nEolaíochtaí Sóisialta



Anastasia Crickley, Ceann na Roinne Staidéir Shóisialta Fheidhmigh



An tOllamh Jacqueline Hill, an Roinn Staire

2.3. An Seomra Foirne


Ceapacháin

Bhí roinnt ceapacháin sheachtracha ag foireann na hOllscoile go heochairphostanna intíre agus idirnáisiúnta. Bhí an **tOllamh Tom Collins**, Déan ar Dhamh na nEolaíochtaí Sóisialta ainmnithe mar chathaoirleach ar Choimisiún nua um Uaireanta Oibre na n-Altraí chun scrúdú a dhéanamh ar dheachleachtas idirnáisiúnta sa ghairm. Ainmníodh Ceann na Roinne Staidéir Shóisialta Fheidhmigh, **Anastasia Crickley**, chuig an ról céanna ar Bhord Bainistíochta Gníomhaireachta an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. Mar aitheantas dá tionchar ar stair na hÉireann trí fhoilseacháin éagsúla ar an 18ú agus an 19ú aois Éireannach, glacadh leis an **Ollamh Jacqueline Hill** mar chomhalta d'Acadamh Ríoga na hÉireann. Tá sé seo aitheanta ar an dámhachtain is airde in Éirinn do scoláirí eisceachtúla sna hEolaíochtaí agus Daonnachtaí. In iarracht chun pobal iltíreach a chruthú do scoláirí óga agus chun bonneagar intleachtúil a sholáthar do chomhoibriú scolártha ar léann na hÉireann, tá an **tOllamh Joe Cleary** ó Roinn an Bhéarla tar éis glacadh leis an ról mar Stiúrthóir ar an Seimineár Éireannach Keough Naughton Notre Dame. I gcúrsaí spóirt, roghnaíodh **Paul Davis**, Oifigeach Spóirt, chun freastal mar Cheanntoscaire ag Cluichí Domhanda na nOllscoileanna sa Téalainn déanach an samhradh seo caite.

Fógraíodh seacht n-ollúnacht nua go luath san athbhliain mar aitheantas ar thaighde cheannródaíoch na n-iarrthóirí agus don mhórthionchar a bhí acu ina réimsí saineolais.

Bhí mórán tascanna intí trasna na ndámhanna agus na bhfeidhmeanna éagsúla chomh maith. Ceapadh an **tOllamh Mark Boyle**, an **tOllamh Fiona Palmer**

Fógraíodh seacht n-ollúnacht nua go luath san athbhliain mar aitheantas ar thaighde cheannródaíoch na n-iarrthóirí agus don mhórthionchar a bhí acu ina réimsí saineolais.





agus an **tOllamh Rowena Pecchenino** mar Chinn nua Tíreolais, Ceoil agus Eacnamaíochta faoi seach. Fógraíodh seacht n-ollúnacht nua go luath san athbhliain mar aitheantas ar thaighde cheannródaíoch na n-iarrthóirí agus don mhórtionchar a bhí acu ina réimsí saineolais. Ceapadh **Barra Boydell, Joe Cleary** agus **Peter Denman** mar ollamh i nDámh na nDán; **Mary Corcoran, Dennis Pringle** agus **John Sweeney** sna hEolaíochtaí Sóisialta; agus Carmel Breslin in Eolaíocht agus Innealtóireacht.

Le freagracht do mhargaíocht, fógraíocht, caidreamh meán agus sainaitheantas corparáideach, tugadh **Deirdre Watters** ar bord mar Bhainisteoir Margaíochta agus Cumarsáide ag tús na bliana acadúla. Bhí ról tionscanta ag **Kate Fennell** chomh maith, don Ghaeilge go háirithe, nuair a thosaigh sí ina post mar Oifigeach Achta na dTeangacha Oifigiúla. Ainmníodh **Brendan Baker** mar Stiúrthóir Acmhainní Daonna nua.

Focail Scoir Ómósacha

Chonaic pobal na hollscoile roinnt ball foirne luachmhar ag dul ar scor i rith na bliana. D'imigh an **tOllamh Gerard Gillen** ar scor mar Cheann na Roinne Ceoil, le breis agus 300 comhghleacaí agus iar-mhac léinn bailithe chun ómós a thabhairt dá thiomantas maidir le forbairt scoláireachta an cheoil san Ollscoil. Ón uair a tháinig sé go Má Nuad in 1985, bhí an tOllamh Gillen freagrach as forbairt rathúil na Roinne: bunú an chóir aireagail speisialta, leathnú na glár go córas leathan-bhunaithe faoi leith, Saotharlann Teicneolaíochta Ceoil nua-aoiseach a bhunú, agus méadú faoi deich a fheiceáil ar líon na mac léinn ceoil ina sheal oifige. Mar Cheann Ceoil agus Stiúrthóir ar Chumann Córúil na hOllscoile, rinne sé na Ceolchoirmeacha Córúla ardmholta agus na Seirbhísí Carúil ar an gcampas a bhainistiú. Le bliain anuas, fuair an tOllamh Gillen onóir ó Rialtas na Fraince trí 'Chevalier des Arts et des Lettres' a bheith



An tOllamh Gerard Gillen (an dara duine ó chlé) in éineacht lena bhean chéile Patricia; an tUachtarán John Hughes agus an Dr Barra Boydell, an Roinn Ceoil.





An tOllamh Patrick Commins

bronnta air dá thionchar ar cheol Francach in Éirinn agus thar lear, agus déanadh Comhalta Oinigh d'Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann dó, dámhachtain gur annamh a bhronntar ar dhuine.

D'fhág **Dan O'Shea**, Bainisteoir Córais Faisnéise agus Leas-Stiúrthóir an Lárionaid Ríomhairí ar nóta ard chomh maith. Ag coinneáil lena chlú mar reathaí, ghlac daoine páirt i rith/siúlóid charthanachta ina onóir. Bhí fáiltiú agus léacht poiblí dar teideal 'Politics of Markets and Standards in Education' mar chomóradh ar **Jim Callan** ag dul ar scor. Mar bhall den Roinn Oideachais ar feadh 25 bliana, bhí sé mar léachtóir i Staidéar Curaclaim, agus é aitheanta dá chuid oibre ag dul i ngleic go díreach le scoileanna agus múinteoirí chomh maith lena bhaint i mórthionscadail taighde éagsúla.

Bhí bás anabái **Thomas Kelly**, Ollamh le Fealsúnacht, i mí Feabhra caointe ag mórán comhghleacaithe agus cairde in Éirinn agus thar lear. Aitheanta mar fhear

fuinniúil le láithreacht fhuinnmhithe, thosaigh Tom ar an bhfoireann i gColáiste Naomh Pádraig agus bhí sé ar an gcéad duine tuata mar Chathaoir le Fealsúnacht san Ollscoil le 200 bliain. Bhí mórán gnóthachtálacha agus suimeanna acadúla aige - aireofar uainn go mór é. Bhí **Patrick Commins** mar Ollamh Páirtaimseartha i Roinn an Tíreolais agus NIRSA ó 2002 agus meas ar a údarás maidir le forbairt tuaithe agus geilleagar tuaithe. Bronnadh céim Dochtúireachta Oinigh sa Litríocht air i mí Márta mar aitheantas ar a thionchar acadúil go hidirnáisiúnta. Fuair sé bás go síochánta go gairid ina dhiaidh sin.

I dtionscadal ag an Retired Staff Association atá dírithe ar atmaisféar na hOllscoile a aimsiú chomh fada siar leis na 1940aidí trí shraith de scéalta pearsanta, d'oscail Mary O'Rourke TD agus céimí, an chéad sraith den **Maynooth Life History Archive** i mí an Mheithimh.



An tOllamh Tom Kelly



PRÓIFÍL:

An Dr Mary Murphy, An Roinn Socheolaíochta



An Dr Mary Murphy

Is léachtóir í Mary Murphy sa Roinn Socheolaíochta agus bíonn sí ag teagasc faoi shochaí agus polaitíocht na hÉireann. Ag obair go príomha i réimse na socheolaíochta polaitiúla, is iad na suimeanna taighde atá aici ná domhandú agus stáit leasa shóisialaigh, idirghabháil pholaitiúil ar leasú an bheartais sóisialta, rialachas áitiúil, inscne, slándáil shóisialta agus leas chun oibre.

Tugann cúla Mary léargas maith ar an bpaisean atá aici do na hábhair seo. Bhí sí mar Oifigeach Náisiúnta Beartais Shóisialta i gCumann Naomh Uinseann de Pól (1998-2001) chomh maith le bheith ina hArd-Rúnaí Cúnta ar Eagraíocht na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe (1991-1998). Sna heagraíochtaí seo, bhí sí i mbun feachtais agus gníomhach maidir le comhionannas agus forás sóisialta trí institiúidí an bheartais náisiúnta lena n-áirítear próisis náisiúnta na comhpháirtíochta sóisialta, an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch is Sóisialta, an Fóram Náisiúnta, Eacnamaíoch agus Sóisialta agus próisis náisiúnta eile in aghaidh na bochtaineachta. “Ba phribhléid í oibriú le daoine eile ar fheachtais éagsúla a chuidigh le hathmhúnlú a dhéanamh ar rannpháirt eagraíochtaí an tsochaí sibhialta i gceapadh beartais.” Bhí Mary mar Chomhairleoir Cathrach i mBaile Átha Cliath chomh maith agus suíochán aici do Pháirtí an Lucht Oibre i gceantar Fhionnghlaise, agus bhí sí mar Chathaoirleach ar Choiste Tithíochta agus Gnóthaí Sóisialta Comhairle Cathrach Baile Átha Cliath chomh maith le Grúpa Cuimsithe Sóisialta agus Coiste Imirce. “Ciallaíonn an taithí seo in éineacht le mo chuid oibre acadúil go bhfuil mórán le roinnt agam le mic léinn na polaitíochta agus an tsochaí!”

An rud is mó a thaitníonn le Mary faoina ról ná smaointe agus coincheap a roinnt le daoine a chumasáíonn dóibh smaoinemh go criticiúil agus

tuisctint níos fearr a fháil ar an domhan. An dúshlán atá aici ná am a fháil lena cuid taighde féin a fhorbairt agus a fhoilsiú. Mar bhall atá réasúnta nua don Ollscoil, ag tosú i Meán Fómhair 2007, tá Mary tógtha leis an mbealach a aithníonn agus a spreagann an Ollscoil do bhaill foirne a bheith rannpháirteach sa sochaí níos leithne. “Tá súil agam go bhfuilim ag cur le rannpháirtíocht phoiblí na hOllscoile tríd an obair dheonach atá ar bun agam le roinnt eagraíochtaí náisiúnta agus áitiúla an tsochaí sibhialta.”

Tá Mary tar éis a bheith fíor-ghnóthach agus í bainteach le forbairt na céad bliana den chéim sa pholaitíocht. “Is deis iontach í le bheith rannpháirteach i gcéim dheartha faoi leith sa pholaitíocht 'a théann níos faide ná gnáth-pholaitíocht' agus a dhéanann scrúdú ar éagothromaíocht na cumhachta sa sochaí agus conas mar a dhéanann grúpaí iarracht tionchar a bheith acu ar chinntí ar bhealaí difriúla.” Tá smaointe móra eile ag Mary chomh maith, lena n-áirítear a bheith rannpháirteach i gclár máistreachta sa tsocheolaíocht pholaitiúil a fhorbairt, tionscadal taighde rialachais a chomhlánú i gcomhar le taighdeoirí ó 17 tír eile chun comparáid a dhéanamh ar struchtúir éagsúla an rialtais áitiúil, agus tabhairt faoi tionscadal taighde cháilíochtúil faoi 'mhná i bpolaitíocht'.

Ceann de na rudaí atá Mary tógtha go mór leis faoin Ollscoil ná an oiread den fhoireann acadúil i Má Nuad a théann i ngleic lena réimsí taighde go poiblí agus a bhfuil tionchar ábhartha acu i ndíospóireachtaí náisiúnta. “Cinntíonn an leibhéal tiomantais, suime agus ábharthacht seo go bhfuil timpeallacht ardchaighdeán foghlama ann do mhic léinn agus iarchéimithe.”



PRÓIFÍL:

An Dr Frank Devitt, Ceann Roinne na hInnealtóireachta Leictreonaice



An Dr Frank Devitt



Is Léachtóir Sinsearach é Frank Devitt agus tá sé mar Cheann Roinne na hInnealtóireachta Leictreonaice le trí bliana anuas. Tá Frank tar éis a bheith mar léachtóir in ábhair innealtóireachta éagsúla lena n-áirítear leictreamaighnéadaic, leictrimheicnic agus bainistíocht ghinearálta. Bíonn sé ag léachtóireacht i láthair na huaire ar ábhar na fiontraíochta don chuid is mó ag déileáil le mic léinn taighde san, Innealtóireacht, Dearadh Táirgí, Gnó agus Eolaíocht agus Innealtóireacht le déanaí. Le sé bliana caite aige san Ollscoil, tá Frank thar a bheith spreagtha ag an deis le tionchar a bheith aige ar fhorbairt, fás agus athrú, agus aithníonn sé an dúshlán atá ann déileáil le dualgais iolracha straitéiseacha agus breis ama a chur ar leataobh do ghníomhaíochtaí níos straitéise.

Chomh le róil roimhe seo ag léachtóireacht agus mar bhall den Chomhairle Acadúil, bhí Frank rannpháirteach go rialta le feidhmeanna éagsúla na hOllscoile cosúil Coiste na gCeapachán agus Soláthar Foirne Acadúil agus Grúpa Oibre ar Rialachas na hOllscoile. Bhí sé bainteach le taighde agus forbairt leanúnach chomh maith sna hábhair r-Fhoghlama agus Oideachais Teicneolaíochta. "Chruthaíomar MyVLE inár roinn cúig bliana ó shin mar thús le Moodle, chun freastal ar an bhfás i líon na mac léinn cianoideachais agus chun gníomhú mar bhunús taighde do thionscadail r-Fhoghlama. Tá modh cruthaithe agus seachadta na léachtóireachta fise forbartha againn chomh maith ina ndéantar léachtaí a chur ar fáil ar an idirlíon nó líonra inmheánach agus cuirtear am teagmhála an ranga ar leataobh do chomhráite agus ranganna teagaisc ardchaighdeán. I dtionscadal faoi leith eile, táimid dírithe ar na riachtanais na mac léinn le hoideachas sa teicneolaíocht inár ngeilleagar nua-aoiseach a fhisrú."

Tar éis PhD san Innealtóireacht ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus roimh fhilleadh ar shaol na hacadúlachta, bhí Frank rannpháirteach i gcúrsaí gnó ar feadh 20 bliana, ag gluaiseacht ó ról innealtóireacht go cúram bainistíochta agus ceithre chomhlacht á bhunú aige sa réimse teicneolaíochta i ndeireadh na dála. "Bheadh fás comhlachta ón nua chuig gnó le stádas idirnáisiúnta agus díolachán rathúil idirnáisiúnta a chur i gcrích laistigh de chúig bliana ar cheann de na héachtaí is bródúla agam." Tá Frank go háirithe sásta chomh maith le seoladh na céime nua i nDearadh Táirgí (Margaíocht agus Nuálaíocht) an bhliain seo caite. "Is cosúil go mbeidh dubailt ar an gcéad ionghabháil de 11 mac léinn sa bhliain amach romhainn, le 39 rogha céad áite sna figiúirí CAO is déanaí."

I measc na bpleananna don todhchaí, tá daingniú le déanamh ar an bhforbairt sa Mháistir in Innealtóireacht agus cláracha sa Dearadh Táirgí, toisc go dtógfaidh sé cúpla bliain chun na cúrsaí réasúnta nua seo a chothú agus sula mbíonn siad forbartha go hiomlán. Sprioc eile ná Máistir Eolaíochta i nDearadh agus Nuálaíocht a bhunú, b'fhéidir chomh luath le Meán Fómhair 2009. "Más mian linn gníomhaíocht Dhearthra atá suntasach a bheith againn san Ollscoil, caithfidh sé seo tarlú ag leibhéal éagsúla. Tá an bunús bunchéime againn cheana féin agus tá sé nádúrtha go leanfaí le céimeanna iarchéime agus taighde." Baineann an próiseas seo leis an taobh riaracháin, a chlúdaíonn iarratas agus athbhreithniú inmheánach ag Coiste na gClár Acadúil, chomh maith le hanailís chuimsitheach an mhargaidh chun struchtúr, ábhar agus modheolaíochtaí soláthair an chúrsa inmhiannaithe a aithint. "Táimid ag súil go mbeidh an clár seo mealltach do dhaoine atá fostaithe cheana féin sa tionscal i róil deartha agus forbartha táirgí agus gur mian leo breis sainoiliúna a fháil sna réimsí seo."



Ag freastal ar fháiltiú an Uachtaráin do bhuaiteoirí Chomórtas Iománaíochta Chorn Uí Riain 2008 tá (c-d): Cathal Fenton, Oiliúnóir; Eddie Costello, Captaen; an tOllamh Jim Walsh, Leas-Uachtarán; Tom Maher, Oifigeach CLG agus Dan Broderick, Bainisteoir Foirne.

2.4. Eispéireas na Mac Léinn

Éachtaí Spóirt

Chun na céimithe a chur i ngleic le mic léinn agus chun cistí a bhailiú do scéim scoláireachta rugbaí, tionóladh an **Rugby Boot Cup** i nDeireadh Fómhair a chonaic iar-scoláirí buacach ar scoláirí reatha don dara bliain as a chéile. Rud eile a spreag idirghníomhaíocht ná taispeáint **Thrófaí RBS na 6 Náisiún** a léiríodh go bródúil in Ionad Forbartha Gairme na hOllscoile chun fáilte a chur roimh mhic léinn chuig feachtas earcaíochta iarchéime an Ghrúpa Banc Uladh.

Shocraigh na réaltaí snúcair Steve Davis agus Ken Doherty an fráma don **chéad scoláireacht snúcair** gnóthaithe ag Jonathan Williams. Ó Charraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin, tá Jonathan rangaithe sa dara háit déag in Éirinn i láthair na huaire i measc amaitéaraigh shinsearaigh na hÉireann. Bainfidh sé leas ó shaineolas agus cluichí cleachtaidh

dúshlánacha in Acadamh Snúcair an Domhain i Sheffield. D'oscail an t-ionad snúcair nua i Halla Rye ar an gCampas Thuaidh ar an lá céanna i mí na Samhna chomh maith.

Bhain Má Nuad rud eile amach don chéad uair ar an gcéad lá de Mhárta - nuair a bhuaigh foireann iománaíochta Mhá Nuad ar Institiúid Thiobraid Árann sa chluiche ceannais de **Chomórtas Iománaíochta Chorn Uí Riain**. Le hurraíocht ó MBNA, chuir na **Scoláireachtaí CLCG** atá ann le fada mar aitheantas ar éachtaí eisceachtúla sna cluichí gaelacha, fáilte roimh an 11 faighteoir is déanaí ó seacht gcontae ag fáiltiú a bhí óstáilte ag an tUasal Mícheál Ó Muircheartaigh.

Níos lú na dhá bhliain tar éis don scéim scoláireachta snámha a bheith tugtha isteach, bhí foireann snámha OÉ Má Nuad buacach ag **Comórtas Snámha Idir-Ollscoile na hÉireann** a tharla i Sligeach an earrach seo caite. Ní hamháin go raibh sé ar an gcéad bhua,



Ag fógairt na Scoláireachtaí Snúcair tá (c-d): Steve Davis; an tUachtarán John Hughes; Jonathan Williams agus Ken Doherty.





Baill Chumann Airgeadais & Eacnamaíochta Mhaigh Nuad ag fáil an Dámhachtain don Chumann Nua Is Fearr (c-d): Sinead O'Kane; Leona Nally, Aontas na Mac Léinn; Jason O'Brien; Alan Murphy agus Paddy Casement.



ach bhris an fhoireann dhá churiarracht Náisiúnta Ollscoile sa snámh droma 50m agus saorstíl 4x50m agus bhí forlámhas acu sna rásaí le buanna nó áiteanna gnóthaithe acu sa chúig rás is mó. Tá seisear de snámhaithe na hOllscoile roghnaithe ar fhoireann na hÉireann ag an gCraobh Idir-Ollscoile Ceiltí.

Mar aitheantas ar rath Pádraig Harrington i gComórtais Oscailte na Breataine, thug JP McManus €2 mhilliún go flaithiúil don **chlár scoláireachta gailf**. Ainmnithe in onóir athair Phádraig nach maireann, Paddy Harrington, tá seachtar fear agus ceathrar ban rollaithe i láthair na huaire. Rinne an urraitheoir Oceanico Developments cuid de na scoláirí a óstáil ar champa traenála in aimsir the san Algarve linn na seachtaine staidéir atá acu i mí Eanáir. Fuair ochtar den ghrúpa Dámhachtain Scoláireachta Gailf 'Royal and Ancient'.

Gnóthaí Bliantúla

Le méadú 21% ar mhaoiniú do chlubanna agus cumainn le dhá bhliain anuas, bhí an comórtas ag **Dámhachtainí na gClubanna agus na gCumann** níos géire ná riamh. Mar thoradh ar dhianobair ó mhic léinn lena "Eispéireas Má Nuad" a uasmhéadú, is iad na buaiteoirí ná:

Cumann Nua is Fearr:

Cumann Airgeadais & Eacnamaíochta Mhaigh Nuad

Cumann is Fearr:

Cumann do lucht Homaighnéasach, Leispiach agus Déghnéasach

Imeacht is Fearr:

Oíche Charthanachta na 70idí d'Fhondúireacht Marie Keating


An Cumann is mó Feabhais:


An Cumann Ceoil

Pearsa Cumainn is Fearr:


Paul Donnelly (An Cumann Drámaíochta)

Níos lú na dhá bhliain tar éis don scéim scoláireachta snámha a bheith tugtha isteach, bhí foireann snámha O'É Má Nuad buacach ag Comórtas Snámha Idir-Ollscoile na hÉireann a tharla i Sligeach an earrach seo caite.





Ag ceiliúradh ag an gcéad Dinnéar Alumni tá (c-d): Catherine Flannagan; Garry Abrahamian; Anne Cullen agus Jolene Mellon.



Pearsa Céad Bliana is Fearr do Chumann:
Lydia Farrell (Cumann Amnesty)

Láithreán Gréasáin is Fearr:
An Club Trampailíneachta

Lúthchleasaí na Bliana:
Cian Curley (An Club Gailf)

An Club is Mó Feabhais:
An Club Snúcair & Púil

Pearsa Céad Bliana is Fearr do Chlub:
Darragh Quinn (An Club Snámh & Póló Uisce)

Club is Fearr:
An Club Iománaíochta

Club-Fheidhmeannach na Bliana:
Catherine McGowan (Club Eachaíochta)

Leanadh leis na buanna ag **Dámhachtainí 2008 de Bhord Cumainn Coláistí na hÉireann (BICS)** nuair a ainmníodh Lydia Farrell mar Mhac Léinn Céad Bliana is Fearr; Paul Donnelly mar Dhuine Aonair is Fearr agus an Cumann do lucht Homaighnéasach, Leispiach agus Déghnéasach ar an gCumann is Fearr.

Thug **21ú Rothaíocht na Gaillimhe** os cionn 130 duine ar aistear 12-uair ón Ollscoil chuig Cathair na dTreabh. Tá cothrom le €300,000 bailithe do charthanachtaí a dhéileáil le leanaí agus daoine óga ó cuireadh tús leis an imeacht. Níor raibh ann díomá ann le rothaíocht na bliana agus bailíodh €78,000 do Headstrong, ionad don mheabhairshláinte.

Bhailigh Seachtain **'Raise and Give' (RAG)** Aontas na Mac Léinn beagnach €10,000 do charthanacht ainmnithe, Áras Pieta (ionad do chosc an fhéinmharaithe agus na féin-díobhála). Bhí taibhléiríthe ón gceoltóir Cathy Davey agus ón bhfear grinn Michael Winslow chomh maith le Oíche Casino i measc na mbuaicphointí.

Gníomhaíochtaí Alumni

Chuir an chéad **Dinnéar Alumni** fáilte ar ais roimh bhreis agus 180 céimí chuig an Alma Mater ar an 21 Meitheamh. Tar éis fáiltiú seaimpéine sna Gairdíní Comórtha Dhá Chéad Bliain, tugadh béile cúig chúrsa do na haíonna agus cuireadh siamsaíocht bhríomhar i láthair i Halla Pugin. Bhronn an tOllamh John Hughes Dámhachtain Alumni an Uachtarán ar Paul Mullally agus Gary Hctor, a d'eagraigh Rothaíocht Charthanachta na Gaillimhe le blianta beaga anuas.

Thit imeacht an tsamhraidh ag an am céanna le athsheoladh na **hirise Alumni**, 'The Bridge', atá dírithe ar chéimithe a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí san Ollscoil agus spreagadh a thabhairt do chumarsáid idir an dá ghrúpa. Tugtar sonraí ar scéim ballraíochta nua na leabharlainne agus lascaine atá ar fáil sna saoráidí spóirt do chéimithe chomh maith le himeachtaí séasúracha alumni agus ar chárta creidmheasa tairisceana Visa atá forbartha ag Cumann Alumni Mhá Nuad.

Tá an Oifig Alumni ag leanacht air ag obair ar an suíomh Gréasáin chun bheith cinnte go gcoimeadtar Alumni OÉ Mhá Nuad go léir suas chun data leis an nuacht is déanaí agus gur féidir leo bheith i dteagmháil leis an Ollscoil (<http://alumni.nuim.ie>).

Bhí cúigear alumni scoláireachta do **Ghradam All-Star CLCG 2007** a thug le fios go raibh an leibhéal is airde sa chluiche sroichte ag na himreoirí peile seo – is iad sin Marc Ó Sé (Ciarraí), Alan Brogan (Baile Átha Cliath), Barry Cahill (Baile Átha Cliath), Brianne Leahy (Cill Dara) agus Sarah McLoughlin (Liatroim).

PRÓIFÍL: Ciarán Brady, Mac Léinn Alumni



Ciarán Brady lena bhean chéile Martina Burgoyne; an tOllamh Gerard Gillen agus deartháir Chiaráin, Paul Brady roimh Requiem Verdi arna chur i láthair ag Cumann Córúil Ollscoil Mhá Nuad in Aibreán 2008.

Agus é ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Cheol-Acadamh an Tulaigh Mhóir i láthair na huaire, bhain Ciarán Brady céim MA sa Cheoil amach in 1996 i ndiaidh dó BA Onóracha a fháil. Mealladh Ciarán chun staidéar a dhéanamh in Má Nuad ní amháin mar gheall ar na cúrsaí atá ar fáil go háirithe an modúl oirfeadha, ach mar gheall ar a theagmhálacha roimhe ré le lucht na Roinne Ceoil. Bhí tionchar ag ról Gerard Gillen, iar-ollamh, mar orgánaí teidealach do Leas-Eaglais Bhaile Átha Cliath, áit a raibh Ciarán páirteach mar amhránaí le cór Palestrina agus ina scoláire orgánaí sóisearach óna óige. B'amhlaidh le John O'Keefe, a bhí ina mhac léinn ach atá ina léachtóir anois, a ndearna Ciarán agus a dheartháir staidéar ar an bpianó leis.

Tá roinnt cuimhní speisialta ag Ciarán a bhaineann le Má Nuad, áit ar bhuail sé lena comh-mhac léinn agus a bhean chéile Martina Burgoyne agus ar stiúir sé Cór Aireagail na hOllscoile a bhuaigh an comórtas idirnáisiúnta ag Cór-Fhéile Luimnigh in 1996. Tharla ócáid chumhach le déanaí dá theaghlach ag taibhléiriú Chór na hOllscoile ar "Éagnairc Verdi", nuair a eitlódh deartháir Chiaráin abhaile ó Áras Ceoldrámaíochta Oldenburg sa Ghearmáin chun oifeadadh a dhéanamh mar aonréadaí baratóin. Meabhraíonn sé, "Bhí mé i measc an lucht éisteachta in éineacht le Martina – chanamar beirt an chumadóireacht áirithe seo mar bhaill an Chóir ag Má Nuad agus mar sin ba dheas an turas siar é ar bhóthar na gcuimhní."

Is tacaí stóinseach é Ciarán do ghníomhaíochtaí na Roinne Ceoil. I measc na gcuairteanna déanacha, d'fhreastail sé ar cheolchoirm an Chóir Aireagail lena athair, chun taitneamh a bhaint as taibhléiriú d'Éagnairc Durufle a stiúir Ciarán féin agus é ina

Stiúrthóir ar an gCór agus tháinig sé ar ais ar a atheolas le siúil timpeall an Graf, ag tabhairt cuairte ar uaigneanna na n-Athraitheacha Tom Marsh agus Tommy Kelly, beirt a bhí ina dtacaí agus ina gcara mór don chór.

Amharcann Ciarán ar an Ollscoile mar áit a chuireann deiseanna iontacha ar fáil agus deireann sé go mbaineann sé seo go díreach le cumas agus éachtaí na gcéimithe. "Tá rud éigin thar a bheith uathúil i gcéimí ó Mhá Nuad. Cruthaíonn an fhéidearthacht chun staidéar a dhéanamh ar chúrsaí d'ardcháilíocht i gcampas faoi leith laistigh de bhaile beag slige a chothaíonn nasc speisialta i measc na gcéimithe ar fud an domhain." Creideann Ciarán chomh mór sin i gcáilíocht agus i nádúr sláine na mac léinn go nglacann sé le go leor iarratas ar phoist teagaisc ag an Acadamh ó Mhá Nuad go háirithe.

Is breá le Ciarán ról Stiúrthóir Cheol-Acadaimh. "Is tionscadal é an tAcadamh a fheidhmímid mar thaibhléiriú – is é an obair chrua atá á gcur isteach againn le chéile faoi láthair a chuirfidh le héachtaí ár mic léinn. Déanann ár mana tagairt do "chothú tallainne" agus creidim gurb é sin an mantra do mo phost a bhfuil dualgas, dúshlán agus pribhléid i gceist leis." Tá raon tascanna aige idir fhorbairt roghanna cúrsaí agus uirlisí agus chothabháil ábhar ardcháilíochta agus bhainistiú acmhainní daonna. Tá sé ina theagascóir amhránaíochta chomh maith faoi láthair do mhic léinn ardleibhéil agus déanann sé na Cór Aireagail agus Óige a stiúradh. Tá pleananna uailmhianacha ag Ciarán don todhchaí, "I rith na mblianta seo chugainn, táimid chun díriú ar chothú an bhortha ar líon na mac léinn agus an tAcadamh a fhairsingiú ar fud réigiúin lár na tíre."



PRÓIFÍL:

Mary MacCourt, Rúnaí Aontas na Mac Léinn



Mary MacCourt



Tá ról agus dualgais Rúnaí Aontas na Mac Léinn (SU) ag an Ollscoil ollmhór agus ilchineálach. Agus an ról seo faoina cúraim, braitheann Mary MacCourt gur cineál bainisteoir oifige í mar gheall ar na cúraimí éagsúla atá aici. Tá sí i gceannas ar go leor seirbhísí a chuireann Aontas na Mac Léinn ar fáil, ar nós socrú fótachóipeála, ceangailte, cártaí taistil srl., mar aon le hobair riaracháin agus eagrú imeachtaí.

Agus í de bhunadh Mhá Nuad, níor imigh Mary i bhfad ó bhaile ós rud é gur áit iontach í dar léi. Chomh iontach sin go bhfuil fiche bliain caite aici ag obair d'Aontas na Mac Léinn. Ag tosú amach di in Oifig an Chláraitheora mar phost samhraidh in 1986, d'oibrigh sí i Seomraí Socheolaíochta, Fisice Turgnamhaí agus Meaisíní anois agus arís ar feadh tréimhse gairide. D'fhill sí in 1988 chun obair a dhéanamh don tSeirbhís Séiplíneachta/Comhairleoireachta ar feadh naoi mí sular thosaigh sí sa phost atá aici faoi láthair. I gcás Mary, coimeádann an obair le mic léinn í óg agus díograiseach, "Tá siad chomh lán le fuinneamh go dtéann sé i bhfeidhm ormsa." Uaireanta, is féidir le hathrú Oifigigh Shabhóideacha Aontas na Mac Léinn gach bliain a bheith deacair: "I mblianta áirithe is briseadh croí é slán a fhágáil le foireann a raibh tú cairdiúil leo agus ar oibrigh tú chomh maith sin leo. Nuair a imíonn siad, bíonn ort aithne a fháil ar ghrúpa nua agus tosú arís as an nua. Ach tá cairde den chéad scoth déanta agam agus tá teagmháil cothaithe agam le go leor mac léinn i gcaitheamh na mblianta."

Seasann Oíche Dámhachtainí na gClubanna agus na gCumann amach mar imeacht thar a bheith rathúil ón mbliain seo a chuaigh thart. Déanann Mary cur síos air mar imeacht gradamach áit a fhaigheann mic léinn aitheantas as an am agus as na hiarrachtaí a

d'infheistigh siad leis na clubanna agus na cumainn éagsúla. Cé nach dtagann sé go díreach faoi chúram Mary, bhí sí dlúthpháirteach le heagrú na dtrí Seó Faisin, atá ar cheann de na himeachtaí Ollscoile is mó atá ann. "Is féidir leo a bheith cuíosach am-iditheach agus tá obair chrua i gceist leo ach tá siad taitneamhach fós féin." B'ócáid dho-dhearmadta eile í do Mary nuair a rinne Aontas na Mac Léinn céiliúradh 30 bliana, "Bhí athaontú againn d'iar-Oifigigh Shabhóideacha chomh fada siar le 1997!"

Tá athrú suntasach feicthe ag Mary i rith an ama atá caite aici le hAontas na Mac Léinn. "Bhí sé iontach a bheith ann an dul chun tosaigh a fheiceáil, mar shampla bunathrú chun feabhais foirgneamh Aontas na Mac Léinn ó fhoirgneamh réamhdhéanta go hlonad nua Aontas na Mac Léinn." Tá roinnt oifigí san áis nua mar aon le seomraí cruinnithe, seomraí cleachtaidh, seomra do na Clubanna agus do na Cumainn maille le beár agus siopa caife.

Tá sé ar cheann de spriocanna Mary baint níos lárnaí a bheith aici leis na clubanna agus na cumainn, go háirithe i ndiaidh éachtaí suntasacha na hOllscoile ag Dámhachtainí Náisiúnta na gCumann a tionóladh ag Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan i mbliana. I measc na nOnóracha a bronnadh bhí 'An Cumann is Fearr', 'An Mac Léinn Céad Bhliana is Fearr' mar aon le 'Duine na gCumann'. "Bhí roinnt daoine anseo a raibh an-thallann acu agus ceapaim go gcaithfidh cúnamh a thabhairt do na clubanna agus do na cumainn go léir a ngealladh iomlán a bhaint amach fad agus atá siad ag freastal ar an Ollscoil." Cé go bhfuil borradh nach beag ar Mhá Nuad fianaithe ag Mary sna blianta beaga anuas, ó thaobh líon méadaitheach na bhfoirgneamh agus na mac léinn, tá áthas uirthi agus "an ghné phearsanta" sin fós ann.

PRÓIFÍL:**Tom Maher,
Oifigeach Forbartha an CLG****Tom Maher**

Tá Tom Maher ina Oifigeach Forbartha don CLG ag Ollscoil Mhá Nuad ó 1998 i leith. Tá comhoiriúnú idir an tiomantas deich mbliana seo agus tréimhse chosúil a chaith sé i rith na '80í agus na '90í le mar dhlúthpháirt de CLG Chill Dara sna réimsí oiliúna agus forbraíochta, tráth a d'oibrigh Tom don BSL agus do BSL Idirnáisiúnta i rólanna oiliúna agus comhairliúcháin.

Agus obair á dhéanamh aige i ndlúthpháirt le cúig chlub, eadhon iománaíocht, peil na bhfear, peil na mban, camógaíocht agus liathróid láimhe, díronn post Tom ar dhul i ngleic leis na comhlachtaí rialúcháin do gach spórt, mar aon le pleanáil, airgeadas, bainistiú scéimeanna scoláireachta spóirt an CLG, cóitseálaithe, oiliúnoirí agus pearsanra tacaíochta a earcú do gach foireann maille le tacaíocht a thabhairt do choistí na gclubanna agus do na foirne. Admhaíonn sé féin, "Ní bhíonn nóiméad leamh ann!"

I rith na deich mbliana seo a chuaigh thart tá breis is tríocha bua bainte ag clubanna OÉ Má Nuad i gcomórtais éagsúla. Agus Tom ag roghnú cuid de na tréimhsí is móthaibhsí, luann sé na gradaim seo a leanas: (iománaíocht) buaiteoirí Chorn Uí Riain 2008, Chorn Fergal Maher 2003, Shraith na Mac Léinn Céad Bhliana 2000, an dara foireann is fearr i gCorn Uí Riain 2006 agus sa tSraith Shinséarach 2007; (peil na mban) buaiteoirí Chorn Lynch 2001 agus 2002, Corn Curran 1998 agus 2001 agus Corn Harney 2004 agus b'iomaitheoirí sa chluiche ceannais iad i gCorn O' Connor 2003 mar aon leis an Sciath i 2004; (camógaíocht) buaiteoirí Sciath Purcell 2004 agus 2008, Rannán 2 Shraith 2002 agus Sciath an tAthair Gerry Meagher 2003, Iomaitheoirí i gCluiche Leathcheannais Chorn Purcell 2006 agus 2007; (peil na bhfear) buaiteoirí Shraith na Mac Léinn Céad Bhliana 2004, Craobh Chill Dara faoi 21, 2001 agus 2002, agus b'iomaitheoirí iad i gcluiche leathcheannais

Chorn Sigerson i gCorcaigh in 2004; agus faoi dheoidh, bhuaigh Anna Wrynne Craobh Uile-Éireann Shingil Shinséarach "A" na mban i liathróid láimhe in 1999. Agus é ag díriú ar éachtaí amach anseo, tá súil ag Tom go, "gcuirfidh foirne an CLG leis na héachtaí a baineadh amach i rith na bliana seo agus b'fhéidir go mbéarfadh na foirne peile corn nó dhó thar n-ais leo go Má Nuad i 2009."

Maidir le tionscadail shuntasacha ag an Ollscoil, bhí dhá cheann acu thar a bheith tábhachtach.

"Idirbheartú scéim scoláireachta MBNA – tá sé á reáchtáil le 10 mbliana anuas agus anois tá síneadh de á athidirbheartú againn le haghaidh trí bliana eile." Tá scoláireachtaí faighte ag 150 mac léinn ó 26 chontae tríd an scéim go dtí seo. Tá Tom bródúil as go ndeachaigh go leor de na lúthchleasaithe seo ar aghaidh chun éachtaí iontacha a bhaint amach le gcuid contae. I measc na n-ainmneacha a bhfuil aitheantas forleathan orthu tá Marc Ó Sé (Ciarraí), Alan agus Bernard Brogan (Baile Átha Cliath), Barry Cahill (Baile Átha Cliath), Helena Lohan (Maigh Eo), Alan Dillon (Maigh Eo), Mary Kirwan (Laois) agus Sarah McLoughlin (Liatroim). Ba thionscnamh tábhachtach eile é forbairt na n-áiseanna spóirt atá ann faoi láthair agus creideann Tom go bhfuil siad chomh maith leis na háiseanna is fearr sa tír. "Is é an sprioc atá againn leanúint ar aghaidh ag forbairt ár n-áiseanna agus na seirbhísí tacaíochta do na himreoirí."

Níl amhras ar bith ar Tom ach gur áit uathúil í Má Nuad. "Cothaítear muintearas iontach i measc na mac léinn mar gheall ar mhéid na hollscoile agus an bhaile, ach sna hollscoileanna atá níos mó tá an ghné seo de shaol na mac léinn caillte. Tugann an spiorad foirne seo an cumas d'fhoirne OÉ Má Nuad iomaíocht thar na bearta a dhéanamh i gcomórtais idir-ollscoile áit a théimid in iomaíocht ghéar le coláistí a bhfuil i bhfad níos mó acmhainní agus imreoirí níos líonmhaire acu."



Scoláirí meánscoile ag glacadh páirte sa Lá Praiticiúil Bítheolaíochta mar chuid den Chlár For-rochtana MAP.

Cuimsíonn mic léinn rochtana 4% den daonra fóchéimithe, tá 3% sa bhreis a bhfuil míchumas éigin acu cláraithe agus is ionann líon rollaithe na mac léinn aosta is 11%.

2.5. An Oifig Rochtana

Forlann

Thuairiscigh Oifig Rochtana OÉ Má Nua bliain acadúil tháirgiúil agus agus fhochéimnitheach do 2007-08, rud a léiríodh leis an méadú suntasach a tháinig ar líon na mac léinn atá ag freastal ar an Ollscoil óna sprioc-ghrúpaí. Cuimsíonn mic léinn rochtana 4% den daonra fóchéimithe, tá 3% sa bhreis a bhfuil míchumas éigin acu cláraithe agus is ionann líon rollaithe na mac léinn aosta is 11%.

Chuir an fhoireann Rochtana roinnt tionscnamh i bhfeidhm chun rannpháirtíocht níos forleithne a bhuanú mar chuid de chultúr an champais. Chun na críche seo, cuireadh **an tsraith seimineáir** ar fáil i. **an clár um thacaíocht foghlama** do dhaoine iomlán na mac léinn fóchéimithe, agus d'éascaigh dlúthchomhpháirtíocht leis an Leabharlann forbairt na seisiún a díriodh ar iar-chéimithe atá bainteach le taighde.

Tháinig seachtar ball foirne nua i bpáirt leis an bhfoireann chun fuinneamh agus cruthaitheacht nua a thabhairt leo do na tacaíochtaí agus do na gníomhaíochtaí for-rochtana. Socraíodh ceapadh an Chomhairleora do Mhic Léinn Rochtana, **Maeve McCaldin**, tacaíocht agus coinneáil maidir le mic léinn mar bharr -thosaíocht do 2008. Comhordaíonn Maeve soláthar tacaíochtaí do na mic léinn go léir a thagann go dtí an Ollscoil tríd an mBealach Rochtana Ardoideachais (HEAR) agus do mhic léinn sa dara, tríú agus sa cheathrú bliain a bhfuil míchumais acu. Chuir **Martha Brandes**, mar Oifigeach Tionscadail For-rochtana nua, fuinneamh leis an gclár for-rochtana MAP, ag óstáil sraith imeachtaí rathúla do dhaoine óga ar agus as an gcampas. Déanann Martha HEAR do mhic léinn ardeistiméireachta a eagrú chomh maith.



I measc na gcéad gcéimithe i dTeastas OÉM san Eolaíocht ag glacadh lena gcéim BSc i Meán Fómhair 2007 tá (c-d): Gail Maguire, Theresa Hughes agus Paula Clinton, in éineacht le Emer Sheerin, Oifigeach na Mac Léinn Lán Fhásta; An tUachtarán John Hughes & Dr. Niall McKeith, Roinn an Fhísic Thurgnamhach.

Tá ról lárnach fós ag Clár Rochtana Mhá Nuad maidir le foirmiú an bheartais náisiúnta. I mbliana, ceapadh Ann O'Brien, Stiúrthóir Access, mar **Chathaoirleach Access Made Accessible (AMA)**, líonra náisiúnta d'Oifigigh Rochtana Ardoideachais. Tríd an ról seo, d'oibrigh Ann go dlúth leis an Oifig Rochtana Náisiúnta chun cúrsa forbraíochta gairmiúil a chruthú do phearsanra rochtana ag tosú san Fhómhair 2008. Déanann Ann ionadaíocht thar ceann an chlár Rochtana mar bhall de Ghrúpa Comhairleach Oifig Rochtana Náisiúnta an Údarais um Ardoideachas agus den Ghrúpa Comhairleach an Tionscnaimh Threoraigh d'Oideachas Aosach.

In Aibreán 2008, chuir Ann páipéar faoi bhráid na comhdhála comhpháirtí idir Líonra Rochtana na hEorpa agus Fondúireacht Scoláireachta na Mílaoise Ceanada ag an Institiúid um Fhoghlaim in Toronto. Déanann a páipéir, '**Tackling Educational Disadvantage to Higher Education in Ireland: the Push/Pull Principle**' lorgaireacht ar fhorbairt an bheartais maidir le forleathnú rannpháirtíochta in Éirinn. Déanann sé na tionscnaimh, na beartais institiúideacha agus na cleachtais, na comhpháirtíochtaí agus na comhghuaillíochtaí straitéiseacha a aibhsiú ar tháinig siad chun cinn mar aon leis an teannas idir forbairt an bheartais reatha agus cleachtas oibriúcháin.

Boinn Láidir do Mhic Léinn Lánfhásta

Rinne an **Teastas OÉ i gcláir Eolaíochta** ceiliúradh ar bhaint amach garsprice spreagúil nuair a bhain an chéad iontógáil de mhic léinn (2002-03) céimeanna san Eolaíocht i mí Mheán Fómhair, agus fuair triúr mac léinn Onóracha den Chéad Ghrád.

Mar chuid **d'Fhéile AONTAS na bhFoghlaimeoirí Aosaigh** d'óstáil Cumann na Mac Léinn Aosaigh seimineár faisnéise ag Aontas na Mac Léinn i mí Feabhra 2008 ag cur Teastas OÉ san Eolaíocht, Innealtóireacht, in Airgeadas, Eacnamaíocht agus Gnó chun tosaigh. Ina theannta sin, seoladh **cúrsa samhraidh nua i Mataimaitic** do mhic léinn lánfhásta a mbeidh ag freastal ar na cláir seo. Chuaigh an Ollscoil i bpáirt le OÉ na Gaillimhe agus leis Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain maidir le **tionscadal SIF1** chun cúrsaí rochtana a chur ar fáil don lucht fágála scoile atá faoi mhíbhuntáiste agus do mhic léinn aoisigh i réigiún na Lár-tíre. Tá na cúrsaí seo páirtaimseartha agus oibríonn an fhoireann ó na trí institiúid ar an gclár a chuireann éagsúlacht nua leis an soláthar for-rochtana seo. Tá cinnteacht ag mic léinn go bhfaighidh siad áiteanna ar chúrsaí ginearálta institiúid páirtí dá rogha féin má éiríonn leo an cúrsa a chríochnú. Faoi láthair, tá an chead bhliain ag Má Nuad tugtha chun críche ag cúigear mac léinn aosaigh ó chúrsa Phortlaoise na Lár-tíre. Tá OÉ Má Nuad ainmnithe ag ceithre iarrthóir déag eile i measc a roghanna CAO ar iontráil 2008-09, naonúr acu atá lánfhásta agus cúigear eile atá níos óige, ó chúrsa Thulach Mhoir.

Chuir clár **Chill Dara in Oideachas Tríú Leibhéal** (KITE), ar bunaíodh cheana féin é mar thionscnamh for-rochtana atá dírithe ar dhaltai dara leibhéil, forleathnú ar a scóip chun mic léinn lánfhásta a chur san áireamh i mbliana. Tháirg Tionscadal na Meán KITE DVD i gcomhpháirt le Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (ionad oideachais aosaigh) an Droichid Nua maidir lena dtaithí i dtaobh filleadh ar oideachas.



Ghlac **Anne Mooney** páirt leis an Oifig Rochtana i mí Bhealtaine mar Oibrí Tacaíochta do Mic Léinn Lánfhásta agus tá clár meantóireachta á fhorbairt aici don líon méadaitheach síoraí d'fhochéimithe lánfhásta atá ag freastal ar an Ollscoil.

Acmhainní Nua don Oifig um Míchumas

Tá táirgí, próisis agus daoine nua arna thabhairt isteach ar feadh na bliana seo a chuaigh thart chun an tacaíocht foghlama do mhic léinn atá cláraithe leis an Oifig um Míchumas a threisiú. Cuireann an **tuarascáil nua um Riachtanais Foghlama agus Acadúla** feabhas ar ranna acadúla; spreagann **próiseas scagtha** do mhic léinn a mhothaíonn go bhfuil deacracht foghlama shainiúil acu comhshaol réamhghníomhach; agus déanann tabhairt isteach an **Chláir Fhorlionsaigh um Iontráil** an rannpháirtíocht a fhairsingiú go príomha do mhic léinn a bhfuil míchumais acu.

Ceapadh **Bridget Gormley**, Comhairleoir Tacaíochta Foghlama, chun tacaíochtaí foghlama a chomhordú do mhic léinn a bhfuil deacrachtaí foghlama sainiúla acu, agus is breisiú tábhachtach eile don fhoireann í **Deborah Walsh**, Síceolaí Oideachais. Is é an cúram atá aici measúnú a dhéanamh ar riachtanais foghlama aonair na mac léinn, chun comhairle a thabhairt dóibh maidir le tacaíochtaí iomchuí do mhic léinn a bhfuil deacrachtaí foghlama sainiúla acu lena n-áirítear iad siúd a bhfuil Siondróm Aspergers acu mar aon le ADD/ADHD, agus chun an dea-chleachtas is fearr a bhunú don oifig.

Cruthaíonn an **Clár um Meabhraíochta Míchumais**, arna fhorbairt i gcomhpháirt leis an Oifig um Chothú Cáilíochta, tuiscint i measc

fhoireann dáimhe maidir le mic léinn a bhfuil míchumais acu trí shraith seimineáir am lóin. San áireamh le tionscnamh suntais déanach eile tá an **beartas scrúduithe**, áit ar chuir an Oifig Rochtana leis an dea-chaidrimh atá ann cheana féin le hOifig na Scrúdaithe agus leis an Ionad Ríomhaire chun samhail inbhuanaithe agus inscálaithe de dhea-chleachtas a bhunú maidir le soláthar lóistín scrúdaithe do mhic léinn a bhfuil míchumais acu.

Ceapadh Rose Ryan, an tOifigeach um Míchumas de chuid OÉ Má Nuad ina **Cathaoirleach ar Líonra Oibre Náisiúnta na gComhairleoirí Míchumais** (DAWN), agus tugadh tasc di beartas náisiúnta maidir le scrúduithe do mhic léinn a bhfuil míchumais acu a chur chun cinn in institiúidí ardoideachais. Bhí Rose gafa le forbairt próisis nua chun freastal ar mhic léinn a bhfuil míchumais acu agus atá ag tabhairt faoi scrúduithe a bhfuil úsáid teicneolaíochta riachtanach mar chuid díobh, gné shuntasach den teimpléad náisiúnta.

Lig dhá phríomhphost eile ar an bhfoireann don Oifig Rochtana leanúint le forbairt tacaíochtaí foghlama chun mic léinn a chumasú ó na spriocghrúpaí iompú ina bhfoghlaimeoirí neamhspleácha agus chun dul i ngleic go hiomlán le saol na hOllscoile. Soláthraíonn **Simon Ahern**, Oide Teicneolaíochta Cúntach, oiliúint teicneolaíochta chúntach/oideachasúil mar aon le tacaíocht d'fhoghlaimeoirí, agus soláthraíonn **Kelly Anne Roche**, Riarthóir Tacaíochta an Tionscadail, tacaíocht riaracháin do thionscadail Rochtana agus Míchumais.



Sinead Kelly



PRÓIFÍL:
Sinead Kelly,
Mac Léinn Taighde PhD

Is mac léinn taighde PhD sa chéad bhliain í Sinead Kelly ó Chontae Chill Dara. Sular chuaigh sí i bpáirt le réimse na n-acadóirí, chaith an bhean seo ó Léim an Bhradáin roinnt blianta ag obair i Londain sular fhill sí abhaile chun obair a dhéanamh laistigh de thionscal ríomhaire fairsingíoch an cheantair. "I dtús báire bhain mé taitneamh as an dúshlán agus as an bhfreagracht a thug mo phost dom ach i ndeireadh na dála chuir patrún na sealáíochta dhá uair déag isteach go ró-mhór orm agus spreag sé mé slí bheatha níos comhlíontaí a lorg!"

Agus í mar ina mac léinn lánfhásta sa tséú bliain ag an Ollscoil, tugann Sinead le fios go raibh a slí go stádas iarchéime beagáinín neamhchoinbhinsiúnach. Arna mhaoiniú ag an Údarás um Ardoideachas (HEA), bhí cúrsa an Teastais Eolaíochta ag OÉ Má Nuad ar cheann de na cúrsaí is túisce dá leithéid sa tír agus dhírigh sé go sonrach ar mhic léinn lánfhásta a raibh spéis acu san eolaíocht. I ndiaidh críochnú rathúil dóibh, tairgeadh áit go huathoibríoch ar chlár onóracha Chéim Eolaíochta na hOllscoile do na mic léinn. "Thug mé fógra faoi deara sa pháipéar agus mar gheall ar mo spéis fadbhunaithe san eolaíocht, thuig mé go raibh sé seo ina dheis fhoirfe dom chun an spéis sin a fhiosrú agus cinneadh a dhéanamh cé acu a mbeadh nó nach mbeadh an cumas agam slí bheatha a bhaint amach sa réimse sin."

I ndiaidh di pas le gradam a fháil sa teastas, chuir Sinead tús lena céim eolaíochta i mí Mheán Fómhair 2003. I gcúrsa na staidéar seo, bhí an t-ádh uirthi roinnt scoláireachtaí taighde a fháil a thug seans di obair a dhéanamh laistigh de shaotharlanna na hOllscoile i rith mhíosa an tsamhraidh. "Thug na poist samhraidh seo tairbhí thar a bheith luachmhar dom agus fuair mé léargas fírinneach ar thaighde

eolaíochta." Déanann Sinead aibhsiú ar ghné amháin áirithe de chuid OÉ Má Nuad a rinne a heispéireas chomh speisialta sin agus a chuaigh go mór i bhfeidhm uirthi, eadhon an tacaíocht leanúnach agus an moladh an tugadh di ag príomhthaighdeoirí na hOllscoile. I ndiaidh di ceithre bliana a chaitheamh bhí lúcháir ar Sinead céimniú le honóracha den chéad ghrád in éineacht le triúr eile.

Ag an bpoint sin agus i ndiaidh di machnamh domhain a dhéanamh, shocraigh Sinead taighde iarchéime a dhéanamh agus bheartaigh sí PhD mar sprioc di féin. Agus spéis faoi leith aici i réimse idirghníomhaithe na bpataiginí leis an gcóras imdhíonaíochta, ba nádúrtha é claonadh a bheith aici maidir le réimse na himdhíoneolaíochta. Ansin in 2007, d'infheistigh an Bord Taighde Sláinte €5 mhilliún clár oiliúna PhD nua maidir le himdhíonacht. Chuir Sinead iarratas isteach agus bhí an t-ádh uirthi tairiscint áite a fháil a chuireann maoiniú ar feadh ceithre bliana ar fáil d'iarrthóirí rathúla mar aon leis an deis tabhairt faoi thaighde thiomnaithe in aon shaotharlann amháin as fiche saotharlann atá ar fud na dtrí ollscoil.

Ba é an eitinn agus an chaoi a éalaíonn sí ón bhfrithfhreagra imdhíonaíochta an t-ábhar sainiúil a chuaigh i bhfeidhm ar shamhlaíocht Sinead. Creideann sí cé gur meastar ag cuid mhaith daoine go bhfuil sí marbh agus imithe, gur galar baictéarach é atá fós ina bhagairt dháiríre. "Tá súil agam de réir mar a théim ar aghaidh le mo PhD go bhfanfaidh mé dírithe ar an sprioc go gcuirfidh mo cuid taighde léargais nua maidir le sean-namhaid ar fáil lá éigin agus nach gcaillfidh mé an tuiscint nach é an rud is mó an rud is fearr i ndomhan miocróbach. Cibé atá i ndán do Sinead, tá sí buíoch as an ról a bhí an OÉ Má Nuad ina thaobh.



An tUachtarán John Hughes agus Monsignor Hugh Connolly, Uachtarán Choláiste Naomh Pádraig, Má Nuad, sa phictiúr in éineacht le foireann Leabharlainne ag an bhFéile Daonnachtaí.

2.6. An Leabharlann

Taispeántais

Tionóladh ceiliúradh ag tús na bliana nua maidir le haschur foilsithe fairsinge Dhámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh is na Fealsúnachta. Arna eagrú agus arna óstáil ag an Leabharlann, d'fhreastail breis is seachtó ball foirne agus mac léinn ón Ollscoil ar **Fhéile na nDaonnachtaí** a reáchtáladh i Leabharlann Eoin Phóil II. Ag an seoladh, thug an tUachtarán John Hughes ómós do mhéid agus do cháiliocht aschur na taighde ón áis áirithe seo – breis is 200 mír cló lena n-áirítear páipéir irisleabhair, ailt athbhreithnithe, cumadóireachtaí ceoil, caibidil leabhar mar aon le leabhair. "Is gné bhreise den taispeántas seo go ndéanann sé aibhsiú ar infhaighteacht ar líne chéatadán suntasach den obair seo tríd an gcartlann rChló," a dúirt an tOllamh Hughes. Tá an Leabharlann ar thús cadhnaíochta an tionscnaimh seo chun an chéad chartlann rChló riamh a thabhairt isteach in Éirinn.

Ba thaispeántas tábhachtach é **'Cast in type: Ireland in the early books of Europe'** i

Leabharlann Russell a reáchtáladh ó mhí Mheán Fómhair go mí an Mhárta agus mheall sé cuairteoirí ó áiteanna i gcéin ar nós na hUngáire agus na Seapáine. Bhí sé mar chuid de shraith imeachtaí in Éirinn agus sa Bheilg a rinne comóradh ar láithreach Éireannach léannta 400 bliana d'aoise sa Lováin.

Bhí **'Traces of Mozart in Vienna'** ina thaispeántas a léiríodh ag Wiener Stadt und Landesarchiv (Cartlann Chathair agus Thuath na Vín) agus cuireadh i láthair é i Leabharlann Eoin Phóil II. Rinne Ambasáid na hOstaire an tionscnamh a éascú i gcomhpháirt leis an Roinn Cheoil. Bhí an Leabharlann rannpháirteach le **Seachtain na hEolaíochta** chomh maith, ag léiriú líon mór

leabhar a d'ainmnigh eagarthóir an Discover magazine mar "na 25 Leabhar Eolaíochta is fearr a scríobhadh riamh".

Socraíodh imeachtaí bliantúla rialta uair amháin eile, eadhon 'Two centuries of Mathematics' do **Sheachtain Matamaitice na hÉireann** agus Taispeántas Ilmheán dar teideal 'Sorcha Ní Ghuairim: an tÉireannach' do **Sheachtain na Gaeilge**.

Bailiúcháin

Tá an forás na mbailiúchán leictreonach ag leanúint ar aghaidh agus is ionann na sealúcháis reatha le 25,000 irisleabhar leictreonach agus 150,000 leabhar leictreonach. Is féidir le pobal na hOllscoile rochtain a fháil ar na hacmhainní seo 24/7. Tá na **Cláir oiliúna um scileanna faisnéise** á dtairiscint d'fhochéimithe agus d'iarchéimithe chun na forbairtí teicneolaíochta seo a thacú agus dá réir sin táthar ag tabhairt cúnamh Má Nuad a chur ar thús cadhnaíochta na taighde. Cuireadh modúl um scileanna cineálacha i litearthacht faisnéise ar fáil do mhic léinn PhD na heolaíochta agus na hinnealtóireachta mar chlár píolótach agus mar chuid de thionscadal na hOllscoile chun scileanna cineálacha iarchéime a fhorbairt. Chuir na mic léinn fáilte roimhe seo, agus mar gheall ar sin táthar ag súil go gcuirfeadh é seo ar fáil i measc na ndámh go léir.

Agus forleathnú **Thionscadal Catalógaithe Leabharlann Russell** á forleathnú, cuireadh sonraí maidir le trian de bhailiúchán mórthaibhseach na leabhar a cuireadh i gcló go luath leis an gcartalóg ionas gur féidir le scoláirí ar fud an domhain cuardach a dhéanamh orthu. Tá roinnt de na leabhair seo annamh, agus cuid acu uathúil do Mhá Nuad. Bhí rochtain ar na hacmhainní leabharlanna uile feabhsaithe trí leathanach gréasáin athdheartha.



Foireann na leabharlainne in éineacht leis an Uachtarán ag ceiliúradh an Tionscadail Rochtain Oscailte.

Agus thug uasghrádú do Chóras Bainistíochta na Leabharlainne gnéithe breise do chatalóg na leabharlainne ar nós an "r-sheif fhíorúil".


Fuarthas **bronntanais** thábhachtacha ó na Aithreacha Cholm Chille, ó Oblátach Mhuire gan Smál, Shiúracha an Chreidimh Naofa agus ó leabharlann mhór an tAthair. Denis Faul, ar dheis Dé go raibh a anam. Fuarthas tuilleadh ábhar ón Ollamh Howard Gillette. San áireamh le bronntanais amach bhí bailiúchán mór a cuireadh go dtí an Chliarscoil Chaitliceach in Gbarnga, sa Libéir agus go dtí an tIonad Trádach sin Monrovia, sa Libéir, agus bogadh bailiúchán na bPáipéar Parlaiminte go dtí Teach Carton.

Seirbhísí

Tugadh **tacaíocht fhánach** isteach mar sheirbhís nua ar fud na Leabharlainne. Tá tacaíocht á tairiscint anois ag an pointe riachtanais seachas í a bheith ar úsáideoirí leabharlainne teacht ar an bhfoireann ag na deasca traidisiúnta – tá sé seo indéanta ós rud é gur forbraíodh córas féinseirbhíse chun leabhair a thabhairt amach nó a chur thar n-ais. Tá an fhoireann in ann dul i ngleic le fiosrúcháin anois i slí atá níos réamhghníomhaí agus beidh sé níos freagraí do riachtanais na mac léinn. Bhí an t-aiseolas tosaigh dearfach agus tá sé beartaithe an tseirbhís seo a fhorbairt i rith na mblianta seo le teacht.

Cuireadh go mór le taithí na mac léinn maidir le foghlaim shóisialta nuair a osclaíodh an **beár caife** ar an mbunurlár. Tugadh an áis seo isteach mar fhreagra díreach ar achainíocha ó mhic léinn trí shuirbhéanna agus aiseolas eile. Chuir sé go mór leis na conláistí a bhí ar an gCampas Theas.

Agus forleathnú Thionscadal Catalógaithe Leabharlann Russell á forleathnú, cuireadh sonraí maidir le trian de bhailiúchán mórthaibhseach na leabhar a cuireadh i gcló go luath leis an gcatalóg ionas gur féidir le scoláirí ar fud an domhain cuardach a dhéanamh orthu.





In éineacht le Agnes Neligan, Leabharlann Russell tá (c-d): an tUachtarán John Hughes & an tOllamh Oirmhinneach Hugh Connolly, Uachtarán Choláiste Naomh Pádraig, Má Nuad.



Aimsíodh maoiniú ón gCiste Nuálaíochta Straitéiseach (SIF) ag Ollscoil na Leabharlainne i gcomhpháirt leis an Oifig um Chur Chun Cinn Cáilíochta chun **Tionscadal na mBuntéacsanna** a thionscnamh a chuirfidh léitheoireacht ríthábhachtach ar fáil go leictreonach, ag éascú tuilleadh rochtana do na mic léinn go léir. Dar leis an Ollamh Seán Ó Riain ón Roinn na Socheolaíochta: "Cuirfidh rochtain éasca agus oscailte ar na léitheoireachtaí ríthábhachtacha feabhas mór ar chumas na léachtóirí cúrsaí nuálaíochta a dhearadh agus cuirfidh sé raon léitheoireachtaí níos leithne ar fáil do mhic léinn mar aon le tuilleadh slite chun teacht orthu. Is cuid thábhachtach í Tionscadal na mBuntéacsanna (Core Text Project) den ról lárnach atá ag an Ollscoil maidir le pobal oscailte teagaisc agus foghlama a chruthú."

Chruthaigh forbairtí **Web2.0** ar nós wiki, bloganna, agus fothaithe RSS cuid de chlár oiliúna na foirne leabharlainne a ndéanfar tuilleadh forbartha air do mhic léinn agus don fhoireann. Éascaíodh clinicí gan sreang ag an Ionad Ríomhaire agus thug siad cúnamh maidir leis an aistriú go comhshaol atá gan sreang ar bhonn méadaitheach, agus tháinig méadú ar thóir na seirbhíse nuálaíche iasachta do ríomhairí glúine.

Rochtain Oscailte

Ar an 16 Bealtaine, d'fhreastail an tUachtarán John Hughes mar aon le foireann na hollscoile agus na leabharlainne ar cheiliúradh **IREL-Open project** a óstáladh ag Cumann Ollscoileanna Éireann (IUA).

Forbraíonn an tionscadal stórtha institiúideacha ar líne, rochtain oscailte do na seacht n-ollscoil Éireannacha go léir agus déanann sé iad seo a nascadh le chéile trí Thairseach Taighde Náisiúnta. Rinne Bainisteoir Stór Institiúideach na Leabharlainne cur i láthair roimh chruinniú faoin stór institiúideach Éireannach is túisce, a chuirfidh foilseachán na foirne Ollscoile ar fáil ar fud an domhain go leictreonach.

Nuacht na Foirne

Go luath i mí Aibreán, chuaigh Leabharlannaí na hOllscoile **Agnes Neligan** ar scor i ndiaidh di breis is 30 bliain de sheirbhís thiomnaithe do OÉ Má Nuad agus do Choláiste Phádraig, Má Nuad. Bhí roinnt post leabharlainne éagsúla ag Agnes i gcaitheamh na mblianta, agus a ceapadh mar Leabharlannaí na hOllscoile in 1999 ina bhuaicphointe. Chuir sí go gníomhach le forbairt na Leabharlainne ó sheirbhís bheag láimhe go hacmhainn cló agus leictreonach bheoga. Bhain rannpháirtíocht ghairmiúil Agnes le níos mó ná an Leabharlann amháin – bhí sí ina ball gníomhach agus ina cathaoirleach ar raon ghrúpaí náisiúnta lena n-áiríodh Cuibhreannas na Leabharlanna Náisiúnta agus Ollscoile agus Grúpa Leabharlannaithe Chumann Ollscoileanna Éireann, agus ina theannta sin bhí sí ina ball bunaidh de Chomharchumann Oiliúna na Leabharlanna Acadúla agus Náisiúnta. Thug Emma Boyce, ball foirne na leabharlainne agus ealaíontóir, péintéireacht d'Agnes agus ghabh an tUachtarán John Hughes buíochas léi as a tiomantas éachtach don Ollscoil ag cruinniú de chuid na Comhairle Acadúla.

PRÓIFÍL: Penny Woods, Leabharlann Russell



Penny Woods



Mar leabharlannaí Leabharlann Russell, tá Penny Woods i gceannas ar leabhair agus ar lámhscríbhinní luaithe. Míníonn sí go gcuirtear an Leabharlann i gcomparáid le séipéal nó le hósais go minic.

"Braitheann léitheoirí go gcuireann an suaimhneas, an spás uasta uafásach mar aon leis na leabhair i gcumhdaigh leathair atá suite go compordach, le léitheoireacht agus le machnamh."

Luann penny gurb iad na gnéithe is sásúla dá post ná a bheith ann chun oscailt na mbailiúchán a fheiscint agus chun aird á tarraingt orthu leis an gcatálog nua; a bheith ag teagasc stair an leabhair in situ agus samplaí thart timpeall uirthi; a bheith ag tabhairt comhairle do thaighdeoirí; a bheith ag cuardach chatalóga na ndíoltóirí leabhar le haghaidh seoda nua; a bheith ag faire ar athchóiriú lámhscríbhinní Éireannacha agus iad ag teacht chucu féin in athuair, a bheith ag obair i bpáirt le foireann iontach agus ag déanamh taighde ar na bailiúcháin. "Gan trácht ar fheiscint an ghliondair a bhíonn le brath ar aghaidheanna na ndaoine agus iad ar amharc ar cóip Copernicus nó ar rialacha do chruicéad ón 18ú haois." Tá sé ar cheann de na dúshláin is mó atá ag Penny ná dea-thoil a iompú go gníomh, "D'ainneoin a háilleachta, tá géarghá le hathchóiriú don leabharlann agus tá go leor oibre le déanamh chun é a thabhairt isteach don chéad seo."

Is ball gníomhach í Penny d'Fhóram Meánaoiseach agus Athbheochana Mhá Nuad agus baineann sí taitneamh as a bheith ag canadh i gCór na hOllscoile. Agus í de bhunadh Chontae an Dúin, tá sí páirteach le Má Nuad ó 1976 i leith, tráth a bhí Leabharlann Russell (nó an 'Gun' mar a tugadh air ag na glúine mac léinn) ina príomhleabharlann, arna húsáid ag cách agus í faoi bhainistiú cúigear ball foirne. Sular tháinig sí go Má Nuad, d'oibrigh sí ag Acadamh Ríoga na hÉireann agus ag Teach Staidéir na bProinsiasach i gCill Iníon Léinín.

Thug Má Nuad fáilte roimh cuairteoirí cáiliúla i rith an ama atá caite ag Penny ann, an Pápa Eoin Póil II, Rí agus Banríon na Spáinne agus Uachtarán Francesco Cossiga na hIodáile ina measc. Bhí cuairt an Chlub Grolier, club eisiach de leabharbháigh, ar cheann de na cuairteanna is deacra dearmad a dhéanamh air. D'eitil siad go Baile Átha Cliath in 1997 agus níor chuir siad am ar bith amú sular tháinig siad go Má Nuad chun taispeántas speisialta a fheiceáil cé gur thug a gclog coirp le fios dóibh go raibh sé ionann is ceathair a chlog ar maidin. "Is cosúil gur bhain an grúpa áirithe seo taitneamh as cúrsa taistil gnóthach a bhí thar a bheith pionósach, agus thug siad cuireadh roimh a n-óstaí go léir go dinnéar ag Caisleán Bhaile Lotrail mar finale." Thug go leor acadóirí oirce cuairt ar an Leabharlann, ach is cuimhin le Penny ócáid thar a bheith mothúchánach nuair a "tháinig sé anuas sa mhullach ar an Dr. Anna Aba ón Nigéir go raibh a teanga áitiúil dúchais, Idoma, i gcló in aistriúchán de na Soiscéil anseo i mbailiúchán an Bhiobla cé gur chreid sí roimhe sin nár cuireadh an teanga sin i scríbhinn riamh."

In 2007, chuir an Leabharlann taispeántas ar bun mar chuid de na ceiliúrthaí in Éirinn agus sa Lováin de nasc fada leis an gcathair sin. Rinne sé lorgaireacht ar na tráchta ab luaithe ar Éirinn i leabhair atá i gcló ar mhór-roinn na hEorpa, a thosaigh sa 15ú haois le sleachta gearra ó Ptolemy agus ag dul ar aghaidh go leabhair iomlána ar chúrsaí Éireannacha faoin 17ú haois. "Ba mhór an sásamh domsa an scéal a chur le chéile agus léiriú a dhéanamh cé chomh saibhir is atá an Leabharlann maidir leis an ábhar seo, de réir mar atá ar go leor ábhar eile chomh maith."

I rith na bliana seo atá le teacht tá an fhéidearthacht ann go ndéanfar cartlanna níos inrochtana agus go ndéanfar tuilleadh digitithe ar na bailiúcháin. Agus í de thábhacht faoi leith do Penny mar leabhareolaí tá cur chun cinn stair leabhair na hÉireann agus tugann a cur síos ar an réimse le fios le réimse é atá leathan agus ag sméidearnach.



Louis de Paor le baill Chuallacht Cholm Cille.

2.7. Oifig na Gaeilge agus Oifig na dTeangacha Oifigiúla

I rith na bliana seo leanadh den fhorbairt ar thimpeallacht bháidhiúil don Ghaeilge ar an gcampas, ar eolas a scaipeadh faoi chaionna an teanga a fhoghlaím agus a úsáid agus ar chomhoibriú le húdaráis, le ranna, le baill foirne agus le mic léinn na hOllscoile. Rinneadh dul chun cinn i gcúrsaí Gaeilge agus dátheangachais.

Ceapadh Kate Fennell mar Oifigeach na dTeangacha Oifigiúla i mí Dheireadh Fómhair. Tá dhá oifig ag feidhmiú ar son na Gaeilge san Ollscoil mar sin, cé nach ionann cúram dóibh. Dhein Oifig na dTeangacha Oifigiúla aistriú de réir mar atá leagtha síos sa scéim trí bliana agus lean Oifig na Gaeilge den aistriú deonach, mar shampla ar cháipéisí oifigiúla Dhámh na nEalaíon. Eagraíodh go leor ócáidí cultúrtha agus sóisialta; d'fhreastail baill den Ollscoil ar ócáidí Gaeilge san Ollscoil féin agus lasmuigh di. Leanadh den chomhoibriú le hOifigigh Ghaeilge in institiúidí eile agus den teagmháil le heagraíochtaí Gaeilge. Sholáthair an Oifig ábhar dílis, eolas faoin nGaeilge agus aistriúcháin d'oifigí agus do ranna éagsúla idir acadúil, riaracháin agus sheirbhíse. Rinneadh fógraíocht leanúnach ar ranganna agus ar imeachtaí Gaeilge san Ollscoil agus i saol na Gaeilge lasmuigh agus seoladh eolas amach go gach roinn agus aonad tríd an ríomhphost.

San Ollscoil

Ceapadh **Oifigeach Acht na dTeangacha Oifigiúla** i mí Dheireadh Fómhair. Tá cúram uirthi scéim teanga na hOllscoile faoin Acht a chur i bhfeidhm. Tá deireadh ag teacht leis an gcéad scéim teanga trí bliana i Méan Fómhair 2008 agus tá an dara scéim, a mhairfidh ar feadh trí bliana eile, á hullmhú. Is é an phríomh-aidhm ná méadú ar an méid seirbhíse atá ar fáil trí Ghaeilge agus níos mó Gaeilge a bheith á úsáid ar an gCampas ag ócáidí oifigiúla agus i ngnáthshaol na hOllscoile. Chomh maith le bheith ag cur an scéim teanga i bhfeidhm tacaíonn sí leis na hoifigí a bhíonn ag plé go díreach leis an teanga, go mór mhór Oifig na Gaeilge. Tá comh-oibriú torthúil ar siúl eatarthu agus súil acu méadú air amach anseo.

Bhí **Seomra na Gaeilge** in úsáid mar láthair chomhrá agus teacht le chéile i rith na bliana. Sa bhFómhar agus san Earrach reachtáileadh bun-rang neamh-fhoirmiúil foghraíochta Gaeilge, *Coping with Irish Words*, am lóin. D'fhreastail baill foirne ó ranna agus aonaid éagsúla san Ollscoil air. Bhí an Seomra ar oscailt le haghaidh tae, caife agus comhrá chomh maith; bhain lucht an Dioplóma sa Ghaeilge agus baill na Cuallachta feidhm as go rialta.

D'fhreastail thart ar chéad duine ar oíche cheoil agus **cóisir Nollag**; d'éirigh thar barr leis mar ócáid shóisialta do dhreamanna éagsúla as pobal Gaeilge na hOllscoile.

Tionóladh an chomhdháil bhliantúil, '**Maidin na nDaltaí**' le craobh Chill Dara de Chomhar na Múinteoirí Gaeilge i gcomhar le Roinn na Nua-Ghaeilge agus le hOifig na Gaeilge san Ollscoil Dé Sathairn 2 Feabhra le léachtaí speisialta a thabhairt



Oireachtas le Hector.

do dhaltai Ardteistiméireachta. Tháinig suas le céad dalta le chéile don ócáid i mbliana, ó naoi gcinn de scoileanna agus múinteoirí ina dteannta.

Bhí clár leathan imeachtaí do **Sheachtain na Gaeilge 2008** san Ollscoil arna heagrú le comhpháirtíocht Oifig na Gaeilge, Oifigeach Acht na dTeangacha agus Chuallacht Cholm Cille. Mar oscailt oifigiúil chuir an láithreoir teilifíse is raidió, Páraic Breathnach agallamh poiblí ar an Dr. Deasún Fennell. Ar aionna eile na seachtaine bhí Louis de Paor a dhein léamh filíochta; Sinéad Ní Churnáin a stiúraigh seisiún 'Scórail Sciobtha'; Máire Áine Ní Iarnáin a mhúin ceardlann rince ar an sean-nós agus Pat O'Shea a sheol an DVD, *Slí an Bhaireora*. Cuireadh imeachtaí ar siúl gach lá, ina measc seisiúin cheoil, ranganna agus comhrá am lóin, cluiche sacair Mic Léinn i gcoinne Bhaill Foirne, oíche cheoil, céilí, agus taispeántas den scannán *Poitin*. Bhí taispeántas leabhar i Leabharlann Eoin Pól, agus lón le Gaeilge i Halla Pugin ar feadh na seachtaine.

D'eagraigh Oifigeach Acht na dTeangacha Oifigiúla, 'Gairmeacha le Gaeilge: Oíche Eolais' i gcomhar le Roinn na Nua-Ghaeilge, Ionad Forbartha Gairmeacha, Ionad na dTeangacha, agus Oifig na Gaeilge. Labhair ceathrar cainteoir ar dheiseanna fostaíochta dóibh siúd a bhfuil Gaeilge acu. Ba iad Tom Fitzpatrick, bunaitheoir *Litríocht.com*; Tadhg Mac Dhonnagáin, ceoltóir agus scríbhneoir; Irial Mac Murchú, stiúrthóir an chomhlachta léirithe teilifíse *Nemeton*, agus Anna Ní Ghallchóir, stiúrthóir Ionad na dTeangacha in OÉ Má Nuad, a bhí mar aoichainteoirí ar an oíche.

Teangmháil le hEagraíochtaí agus le Saol na Gaeilge

D'fhreastail na hOifigigh ar ócáidí éagsúla a reachtáil eagraíochtaí Gaeilge, ina measc An tOireachtas, Scoil Gheimhridh Mherriman, seoltaí leabhar ag Foras na Gaeilge agus An Gúm.

D'éirigh thar barr leis an turas bliantúil go dtí **Oireachtas na Samhna** i gCathair na Mart a d'eagraigh Oifig na Gaeilge agus Cuallacht Cholm Cille. D'fhreastail scata mór mac léinn ar an bhféile.

D'eagraigh Oifig na Gaeilge cuairt ar an taispeántas, '**Stair na hÉireann á taifeadadh: saol agus saíocht na gCeithre Máistrí**', sa tSean-Leabharlann i gColáiste na Tríonóide i mí na Nollag. Cuid den chomóradh 400 bliain ó Imeacht na nIarlaí a bhí sa taispeántas, arna chomheagrú ag Coláiste na Tríonóide, Acadamh Ríoga na hÉireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus Ord na bProinsiasach, faoi choimirce Louvain 400.

I mí Aibreáin thug slua eile de mhuintir na Gaeilge san Ollscoil cuairt ar an bpríomhchathair le chéile chun freastal ar *Faoi Dheireadh Thiar*, dráma nua le Joe Steve Ó Neachtain. Taidhbhearca na Gaillimhe a léirigh an dráma. Caoi bhreá a bhí ann do mhuintir na Gaeilge san Ollscoil bualadh lena macasamhla ó shaol na Gaeilge go ginearálta.

Bhí cruinnithe ag **Coiste Stiúrthóirí agus Oifigigh Ghaeilge na nOllscoileanna** in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i mí na Nollag agus in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad i mí Aibreáin.



3. Taighde

3.1. Buaicphointí Taighde

Ba bhliain í 2007 a raibh roinnt éachtaí suntasacha i gceist léi maidir le taighde ag OÉ Má Nuad agus ba thréimhse í inar lean fairsingiú na ngníomhaíochtaí taighde ar aghaidh gan mhoilliú ar bith. Ar an iomlán, tháinig ardú ar chaiteachas na taighde a mhaoinítear go seachtach go €17.5 milliún i rith 2006-07 agus san am céanna, aimsíodh dámhachtainí taighde nua gur fiú breis is €32 milliún iad – an méid is mó riamh don Ollscoile. Ina theannta sin, i rith 2007 agus 2008, buadh dámhachtainí caipitiúla iomaíocha arbh fhiú €14.5 milliún iad chun bonneagar taighde agus nuálaíochta a fhorbairt. Is gníomhaíocht chostasach í taighde, ach cuirfidh na héachtaí maoiniúcháin ardán daingean ar fáil chun bonn taighde na hOllscoile a chur chun cinn go ceann trí nó ceithre bliana.

De réir spriocanna an Rialtais, shocraigh an Ollscoil cuspóir di féin líon na gcéimithe PhD a dhúbláil faoi 2011. Idir mhí an Mhárta 2007 agus 2008, tháinig borradh ar chlárúcháin PhD ó 348 go 397 (méadú 14%), agus bronnadh 51 PhD nua in 2007. Is sprioc uailmhianach agus dhúshlánach í fós an iarracht chun líon na PhD a mhéadú, ach tá an borradh déanach thar a bheith spreagúil. Díreach chomh tábhachtach céanna, tá forbairtí suntasacha, ar cuireadh tús leo in 2007 faoin gCiste Nuálaíochta Straitéisí ÚAO (an tÚdarás um Ard-Oideachas), arna ndearadh chun caighdeán na gclár PhD againn a fheabhsú, trí rochtain a sholáthar d'oiliúint scileanna inaistrithe agus ardchúrsaí i ndisciplíní sonracha.

Geoiteicneolaíocht ag dul ar Aghaidh

I mí na Samhna, bronnadh os cionn €9 milliún ar an Ollamh Stewart Fotheringham, Ceann an Lárionaid Náisiúnta um Geoiríomhaireacht ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann chun tabhairt faoi chomhpháirtíocht tionscail-acadúil sna hArd-

gheoiteicneolaíochtaí. Tabharfaidh an Bhraisle Taighde Straitéiseach breis is tríocha taighdeoirí le chéile agus déanfaidh sé comhpháirtíochtaí nua a fhorbairt le heolaithe agus le hinnealtóirí in OÉ Má Nuad, TCD, UCD agus DIT. Tugtar tacaíocht di ag rannpháirtithe tionscail suntasacha ar nós an ESRI (Éire) agus eSpatial, i measc rannpháirtithe eile nach iad, agus is í an deontas tionscadail is mó a bronnadh riamh ar an Ollscoil. B'ábhar nuaga eile é san fhearann seo bronnadh na chéad PhD i nGeoiríomhaireacht ar an Dr. Seamus Coveney.

Is téarma déanach é geoiríomhaireacht a ceapadh chun réimsí nua forleathnaithe taighde a chuimsiú atá bainteach le chéile trí bhéim ar shonraí spásúla. Tá cuid mhaith cineálacha faisnéise a úsáideann gnóthaí agus an rialtas spásúil ó nádúr, mar shampla: láthair an daonra; éifeachtaí ó thruailliú; iarmhairtí iompair; forleathadh agus leatacht galair; an méid coiriúlachta; oibriú éifeachtach seirbhísí; bainistíocht anachaine; monatóireacht ar na saincheisteanna comhshaoil ar nós tuile agus próiseáil íomháineachais satailíte. De réir staidéir dhéanaigh ó Roinn Oibreachais Stát Aontaithe Mheiriceá, tá gabháil, léiriú, agus anailísiú na sonraí spásúla ar cheann de na réimsí fostaíochta is tábhachtaí atá ag teacht chun cinn, mar aon leis biteicneolaíocht agus nanaitheicneolaíocht. Cuimsíonn Geoiteicneolaíochtaí ardleibhéil saineolas geoiríomhaireachta le teicneolaíochtaí braitheora agus léirshamhlaithe ardleibhéil chun cur chuige comhtháite a chur ar fáil do bhrath agus d'anailísiú geospásúil. Tá OÉ Má Nuad anois ar cheann de na hionaid taighde Eorpacha is tábhachtaí sa réimse seo.

Rath PRTL

I mí Lúnasa 2007, bhí an t-ádh ar an Ollscoil €16 mhilliún a fháil i maoiniú do na sé chlár taighde faoi thimthriall 4 de chuid Chlár an HEA um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéil (PRTL). Tá an clár deartha chun bonneagar agus cumas taighde a chothú ar fud na



Ag seoladh An Foras Feasa tá (c-d): An tOllamh Margaret Kelleher, Stiúrthóir An Foras Feasa; Máire Ní Anaifín T.D., an tAire Oideachais agus Eolaíochta agus an tUachtarán John Hughes.

ndisciplíní go léir agus chun ardán a chur ar fáil d'infheistíochtaí taighde breise ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Dá réir sin, is gné chriticiúil í seo chun taighde ag OE Má Nuad a chur chun cinn.

Cuimsíonn an dámhachtain seo de €16 mhilliún €5.6 mhilliún i maoiniú caipitiúil agus €10.3 milliún i maoiniú athfhillteach. Is ionann an méid seo is 7% de mhaoiniú iomlán thimthriall 4 agus 10% de leithdháileadh na hearnála ollscoile. Ar an mbonn seo, is soiléir go bhfeidhmíonn an Ollscoil thar na bearta, agus go bhfuil sé ar cheann de na príomhbhualaitheoirí PRTLÍ gan amhras. Cuirfidh an chuid caipitiúil den dámhachtain foirgneamh taighde nua ar fáil do dhaonnachtaí idirdhisciplíneacha, d'eolaíocht shóisialta agus do thaighde eolaíochta. Tá tosú na foirgníochta sceidealta d'Fhómhar 2008 agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe go luath i 2010.

Tabharfaidh an dámhachtain PRTL14 tacaíocht do na príomhchlár in eolaíocht agus i dteicneolaíocht, sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta trí chomhoibrithe idir OÉ Má Nuad agus na hollscoileanna Éireannacha eile go léir, ocht gcinn acu, ó thuaidh agus ó dheas, agus le roinnt institiúidí teicneolaíochta chomh maith. Cuirfidh na clár go mór le forbairt oideachais céime atá bunaithe ar thaighde chun tacú le forbairt na sochaí agus an gheilleagair a bhunófar ar eolas. Déantar dámhachtainí PRTLÍ ar bhonn athbhreithniú iomaíoch a chuirtear i gcomparáid le caighdeáin idirnáisiúnta barrmhaitheasa taighde, agus is fianaise shuntasach é rath thaighdeoirí na hollscoile sa chlár seo maidir le cáilíocht na taighde ar fud raon disciplíní. Léiríodh láidreachtaí aitheanta sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta go tréan sa dá phríomhdámhachtain PRTLÍ.

Dámhadh €6.3 milliún ar an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil agus ar an Ionad

Náisiúnta Geoiríomhaireachta mar bhaill thábhachtacha de chuid **Ardán Eolaíochtaí Sóisialta na hÉireann** (ISSP) atá dírithe ar 'Eolas, Faisnéis, Sochaí agus Spás'. Déanfaidh sé seo iniúchadh ar na saincheistanna a bhaineann le claochluithe sóisialta, cultúrtha agus sóisialta a dhéanann tionchar ar Éirinn an lae inniu, agus é ag feidhmiú mar phríomhacmhainn do lucht déanta beartas na hÉireann agus na hEorpa i rith an 21ú haois. Oirníodh an ISSP go foirmiúil ag Má Nuad i mí an Mhárta 2008.

Is Institiúid le haghaidh Taighde i dTraidisiúin Stairiúil agus Chultúrtha na hÉireann í **an Foras Feasa**, lena mbaineann páirtithe in DCI, Coláiste Phádraig Dhroim Chonrach agus Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan. Bronnadh €5.8 mhilliún ar an Institiúid mar chuid den chlár náisiúnta 'Daonnachtaí ar fónamh do Shochaí na hÉireann'. Fuair an cuibhreannas náisiúnta thart faoi €28 milliún, a chuirfidh lena chumas athrú ollmhór a dhéanamh ar an scóip agus ar an gcumas le haghaidh taighde, teagaisc agus oiliúint sna daonnachtaí in Éirinn, agus taighdeoirí gach disciplín na ndaonnachtaí ag teacht le chéile i gcomhfhóram den chéad uair riamh. D'oscail an tAire Oideachais Máire Ní Anaifín TD An Foras Feasa go hoifigiúil i mí Aibreán 2008.

Bronnadh dámhachtainí PRTLÍ chomh maith as ucht taighde ar **bhithaisnéisíocht**, mar chuid de thionscnamh náisiúnta i ríomhaireacht ardfheidhmíochta, agus do chlár céimithe náisiúnta maidir leis an **gcomhshaol agus athrú aeráide**, réimse a bhfuil OÉ Má Nuad chun tosaigh go náisiúnta mar gheall ar obair ICARUS. Bhí an tOllamh John Sweeny, ceannaire an ghrúpa seo ar dhuine de na húdair agus de na heagarthóirí athbhreithnithe don Cheathrú Tuarascáil Measúnaithe ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC), an comhlacht ar bronnadh scair Dhuais Nobel na Síochána 2007 air as a iarrachtaí úrnua chun eolas a fhorbairt agus a



Ag fáiltiú roimh an Feadhnacht do Chomhrac na nGalar Bochtaineachta nua tá (c-d): An tUachtarán John Hughes; an Dr Paul Farmer, Ollscoil Harvard; an Dr Máire Mhic Róibín; an Dr A Jamie Saris & an Dr Noel Murphy as Feadhnacht CDP.



scaipeadh maidir le héifeachtaí an chine dhaonna ar aeráid an domhain.

Bronnadh maoiniú PRTLÍ arbh fhiú €3.2 mhilliún ar **Institiúid Hamilton** chun clár comhoibrithe a treorú i bpáirt le TCD maidir le 'Matamaitic Líonra', agus chun a bheith páirteach leis an 'Ardán Náisiúnta um Bhithfhótóinici agus Íomháineachas'. Ón am ar cuireadh ar bun í in 2001, tá ról mar cheannaire náisiúnta arna bhaint amach ag Institiúid Hamilton di féin, faoi cheannas na nOllamh Doug Leith agus Robert Shorten, agus tá láithreach nach beag aici ag leibhéal idirnáisiúnta i réimse na matamaitice feidhmí. Is fócas tábhachtach é don Institiúid clár oideachais do chéimithe atá ar thús cadhnaíochta a mheallfaidh comhpháirtíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun an t-eispéireas oideachais féideartha is fearr a chur ar fáil don mhac léinn. Ina theannta sin bhronn Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) €2.7 mhilliún ar Leith agus Shorten in 2007 chun leanúint ar aghaidh lena gcuid taighde ar Líonraí Cumarsáide an Chéad Ghlúin eile.

Tionscnaimh Imdhíoneolaíochta

Is príomhréimse taighde eile í de chuid na hOllscoile Imdhíoneolaíocht. Is láthair shuaitheanta í **an Institiúid Imdhíoneolaíochta** maidir le taighde agus oideachas institiúide ar an gcampas ach tá sé páirteach le comhoibritheoirí ar fud an domhain chomh maith. Tá cáil tarraingthe ag an Institiúid uirthi féin as taighde ar thús cadhnaíochta sa disciplín agus is í ionadaí na hÉireann do Líonra Eorpach na nInstitiúidí Imdhíoneolaíochta (ENII). Ligeadh d'eolaithe dul chun cinn suntasach a dhéanamh i réimsí maidir le comharthaíocht in imdhíonacht inbheirthe agus oiriúnaitheach, taighde gaschealla, plúchadh, seadeolaíocht, agus imdhíonacht i gcoinne galar tógálach ar nós treacha, plucamais, fliú, aetais C agus VEID mar gheall ar áiseanna inti úrscothacha agus roinnt ardán teicneolaíochta tábhachtach.

Bhronn an Bord Taighde Sláinte €5 mhilliún mar chuid de thionscnamh tábhachtach in 2007, chun clár PhD struchtúrtha a chur chun cinn i gcomhpháirt le Coláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath agus le Ollscoil na Banríona Bhéal Feirste. Tabharfaidh mic léinn ar an gclár nuálaíoch seo faoi chúrsaí ardleibhéil in imdhíoneolaíocht agus i sealaíochtaí saotharlainne sa chéad bhliain, sula ndíríonn siad ar ábhar PhD áirithe sa dara bliain. Ina theannta sin, fuair an tOllamh Paul Moynagh, Stiúrthóir na hInstitiúide, dámhachtain d'phríomhthaighdeoir ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann gur fiú breis is €2 mhilliún é chun iniúchadh a dhéanamh ar ghabhdóirí daonna ar nós 'Toll'. Tá an tOllamh Moynagh páirteach le cuibhreannas lena mbaineann imdhíoneolaithe ó Choláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath a fuair maoiniú gur fiú €7.5 mhilliún é ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ag deireadh 2007.

Comhrac i gcoinne Galair na Bochtaineachta

Chumasaigh deontas flaithiúil €1.4 milliún ón gClár um Chomhoibriú Straitéiseach idir Chúnamh na hÉireann agus na hInstitiúidí Ardoideachais agus Taighde (2007-2011) bunú an **Chuibhreannais chun dul i ngleic le Galair na Bochtaineachta** atá faoi chomhthreoir na Roinne Antraipeolaíochta agus na hInstitiúide Imdhíoneolaíochta. Is ionann an cuibhreannas seo agus braisle saineolais ghairmiúil ó ghrúpaí eolaíochta, acadúla agus ó ghrúpaí neamhrialtais, chomh maith le comhpháirtithe ón earnáil phríobháideach, agus iad go léir ag oibriú le chéile d'fhonn cumais oideachasúla a fhorbairt chun dul i ngleic le galair na bochtaineachta. San áireamh leis an gcuibhreannas tá Ollscoil Makerere, Uganda; Coláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath; Concern; Trócaire; Ollscoil Nairobi; mar aon leis na cuideachtaí bithchógaisíochta; Biotrin, Grúpa Enfer, Tridelta Development agus GeneMedix ós rud é go bhfuil an



fócas tosaigh ar oirthear na hAfraice. Tairgfidh an Cuibhreannas oiliúint i gcineálacha cur chuige éagsúla idirdisciplíneacha chun dul i ngleic le galair bochtaineachta d'oiliúnaithe atá lonnaithe san Afraic agus in Éirinn. Tá sé de thasc aige comhoibriú Theas-Theas a chur chun cinn maidir leis na saincheistanna seo mar aon le clár oiliúna Theas-Theas. Tá sainordú oideachais phoiblí aige chun tuiscint bhreise a fhorbairt agus chun spéis i ngalair dá leithéid (mar aon le saincheistanna forbraíochta i gcoitinne) a chothú trí shraith léachtaí poiblí agus máistir-ranga.

3.2. Gníomhaíochtaí Tráchtálaíochta

Am an bhorrtha le haghaidh Tráchtálaíochta

Tháinig borradh ar ghnó na hOifige Tráchtálaíochta thar tréimhse na bliana acadúla seo a chuaigh thart ina raibh leibhéil gníomhaíochta gan fasach mar aon le feabhsú ar na hacmhainní agus glacadh le cur chuige brandála agus cumarsáide athbheoite.

Comhdaíodh sé **phaitinn déag** i roinnt fearann, lena n-áiríodh teicneolaíocht lipéadaithe próitéine, gléas chun druga a sheachadadh chuig na scamhóga, braiteoir chun anailítí ceimice i bhfíochán inchinne a thomhas mar aon le modh chun seirbhís teachtaireachtaí téacs a chur ar fáil. Bhí bród ar an Oifig Tráchtálaíochta chomh maith chun **sé mhargadh ceadúnais** a thuairisciú, lena n-áirítear an ceadúnas de mhodh céadcheaptha IMWS (paitinn agus fios gnó) chun eagar aeróga a chalabrá do ghnólacht nua-thionscanta Éireannach a bhunaigh iarfheidhmeannach Motorola, an ceadúnas do phaitinn de chuid Institiúid Hamilton maidir le feidhmchlár bogearraí maidir le braith aimhrialtachtaí do chuideachta teileachumarsáide domhanda, agus an

ceadúnas maidir le bogearraí i dtaobh Aischéimniú a Ualaítear go Geografach, arna chruthú ag an Ionad Náisiúnta Geoiríomhaireachta, do chorparáid Mheiriceánach agus d'ollscoil.

Ó thaobh deontais taighde de, bhí ráta ratha mórthaibhseach 78% ag iarratais a cuireadh isteach ar cheithre chiste déag de chuid Fiontraíocht Éireann agus a bhí bainteach le tráchtálaíocht. Bhí an t-iomlán arna bhronnadh ag Fiontraíocht Éireann ar an Ollscoil **chistí tráchtálaithe** fiú níos mó ná €2 mhilliún don tréimhse acadúil 2007-2008. B'iad na teicneolaíochtaí siúd a measadh féidearthacht margaidh láidir a bheith i gceist leo ná gléas leighis chun galar scamhóga géiniteach agus ailse na scamhóga a chóireáil, bithbhraiteoirí chun druga CNS a aimsiú agus calabrá ar eagair aeróga i measc teicneolaíochtaí eile nach iad.

Ba thomhas ratha eile ó thaobh tráchtálaíochta de líon na **gconarthaí um chomhoibriú taighde** a rinneadh le cuideachtaí ón earnáil phríobháideach a bhfuil ardcháil orthu. Socraíodh comhaontuithe le leithéidí Bayer Schering Pharma, Ad Astra, Intel, TDK, Biosensia, Compass Informatics, Butler Manufacturing Systems, Solvay Pharmaceuticals agus Eli Lilly. Is samplaí iad den chomhoibriú seo an tacaíocht ó Sun Microsystems maidir le dearadh, códú agus tástáil " tairsí cumraíochta " do tháirge Content Delivery Server™ Sun mar aon leis an treisiú ar nasc Cisco le hInstitiúid Hamilton leis na méideanna suntasacha taighde ar theicneolaíochtaí líonra agus maoláin a deonaíodh.

De thoradh na comhpháirtíochta idir OÉ Má Nuad agus Alcatel Lucent, tá **líonra WiMAX móibíleach** tosaigh na hÉireann ar na haerthonnta. Arna shuiteáil agus oibriú ag an Institiúid um Micrileictreonaic agus Chórais gan Sreang, baineann an líonra seo úsáid as teicneolaíochtaí gan sreang atá ar thús cadhnaíochta



Moltóirí an Chomórtais Fiontraí na Mac Léinn (ar chúl c-d):[Sa chraobh] Cormac Moore (Institute of Success/4ú); Owen Lavery, Oifig Tráchtálaíthe; Paul Lavery, Aturnaetha McCann Fitzgerald; Peter O'Reilly, Bainisteoir BOI Má Nuad; Dennis Jennings, 4th Level Ventures agus Damian Callaghan, Intel Capital sa phictiúr leo siúd a bhain áit amach sa chraobh (chun tosaigh c-d): Giedre & Zaneta Visockaite (Czars/3ú); Hans Stam; Andrew Gaynor; Mahendranath Kumar Gangah agus Tina Chen (Sentiment/2ú) agus Nicole Holmes agus Aida Ennis (Lingua Franca/1ú).




Léiríonn dearadh an lógó, atá bunaithe ar phuzal tangram na Síne agus a bhfuil dathanna na hOllscoile air mar aon leis an mana "connecting expertise and industry", ról na hOifige maidir le nascadh tionscal le scileanna taighde na hOllscoile, cosaint IP agus na deiseanna tráchtálaíochta a eascraíonn as.

chun sonraí leathanbhanda agus seirbhísí gutha a chur ar fáil ar fud an champais agus sa bhaile in aice leis.

Tá forleathnú tagtha ar an Oifig Tráchtálaíochta mar gheall ar an ngníomhaíocht mhéadaithe seo a d'eascaigh ar fad beagnach ón €1 mhilliún de mhaoiniú a tháinig ó Fhiontraíocht Éireann faoin Tionscnamh chun Traschur Teicneolaíochta a Neartú. Tá poist glactha ag Owen Lavery agus ag Siobhan Dixon mar an Feidhmeannach Tráchtálaíochta nua agus mar an Cúntóir Feidhmiúcháin faoi seach agus tá an fhoireann ar fad i ndiaidh bogadh go dtí foirgneamh Auxilia sa Champas Thuaidh. Mar is dual leis an bhféiniúlacht mhéadaitheach seo, chonacthas glacadh le híomhá agus le tacar nua d'uirlisí cumarsáide don Oifig in 2008. Léiríonn dearadh an lógó, atá bunaithe ar phuzal tangram na Síne agus a bhfuil dathanna na hOllscoile air mar aon leis an mana "connecting expertise and industry", ról na hOifige maidir le nascadh tionscal le scileanna taighde na hOllscoile, cosaint IP agus na deiseanna tráchtálaíochta a eascraíonn as. Léiríonn an seoladh an tsuímh idirlín ag www.commercialisation.nuim.ie agus an nuachtlitir ráithiúil ar líne an borradh atá ag teacht ar thábhacht agus ar mhéid na gníomhaíochta sa réimse seo.

Mheall Comórtas Fiontraí na Mac Léinn 20 foirne chun dul san iomaíocht le haghaidh duaise arbh fhiú €10,000 é le hiarracht díolacháin ar nós Dragon's Den trí léiriú a dhéanamh go mbeidís in ann freastal ar na dúshláin a bhaineann le bunú a ngnólacht féin. Arna urrú ag Banc na hÉireann, McCann Fitzgerald agus F.R. Kelly, b'imeacht fíor-idirnáisiúnta é agus breis is leath na n-iomaitheoirí don chomórtas ceannais ag teacht ó áiteanna seachas Éire. I ndeireadh na dála, bhuaigh Nicole Holmes agus Aida Ennis ó Lingua Franca an teideal. Ba caithréim eile é roghnú an Dr. Sean Doyle ó chomórtas géar mar thairbhí na chéad Dámhachtana bliantúla Tráchtálaíochta (2007) as a chuid oirbhearta i réimse na tráchtálaíochta.

PRÓIFÍL:**An Dr Caroline Ang,
an tOifigeach Tacaíochta
Taighde***An Dr Caroline Ang*

Tháinig Caroline Ang i bpáirt leis an Ollscoil i mí Iúil 2007 mar Oifigeach Tacaíochta Taighde san Oifig um Thaighde agus Staidéar larchéime. I measc na ndualgas atá aici caithfidh sí cúnamh a thabhairt do thaighdeoirí maidir le hullmhú deontais, foinsí maoiniúcháin a aithint agus a phoibliú, agus seirbhísí tacaíochta eile a sholáthar d'fhonn spreagadh agus cúnamh a thabhairt chun deontais taighde a fháil.

D'fhás Caroline aníos in Toronto áit ar bhain sí BSc in mBitheolaíocht Mhóilíneach amach ag Ollscoil Toronto sular bhain sí MSc amach ag Ollscoil Ottawa agus PhD i Néarbhitheolaíocht ag Ollscoil Rockefeller i Nua-Eabhrac. Bhuaill sí leis an Éireannach a bheadh ina fhear céile di san áit sin agus bhog sí go hÉirinn nuair a fuair sí post ag Coláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath. Sular ghlac sí post le Má Nuad bhí Caroline ina hOifigeach Cláir ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, ina Ceannasaí ar Oideachas agus ar Fhor-rochtain ag an Ionad um Próitéamaíocht Dhaonna san RCSI agus ina Bainisteoir Clár ag Ionad Bhaile Átha Cliath um Leigheas Móilíneach.


Baineann Caroline taitneamh as a bheith ag bualadh le taighdeoirí agus ag foghlaim faoina dtionscnaimh, "Tá go leor tionscadal suimiúla agus úrnua á dhéanamh anseo." Admhaíonn sí gur gné níos dúshlánaí í a bheith ag coinneáil súil ar na deontais agus ar spriocdháta na ndeontas agus iad a chur in iúl do na taighdeoirí i mbealach ionad nach ndéantar iad a bhá faoi fhaisnéis. "Is rud díomách é gan a bheith in ann teacht ar na deontais iomchuí nó scéal a fháil nár tugadh maoiniú do thogra."

Thug an obair atá ag Caroline i Má Nuad deiseanna di a bheith bainteach le gníomhaíochtaí speisiúla eile nach mbaineann go díreach lena post. Mar shampla, a bheith páirteach le seisiún rannsaithe smaointe leis an Oifig Alumni maidir le caoi níos éifeachtaí chun

dul i bhfeidhm ar a lucht éisteachta, agus a bheith ag obair leis an Oifig Cumarsáide chun cúnamh a thabhairt an Ollscoil a chur chun tosaigh trí fhaisnéis maidir le deontais agus taighdeoirí rathúla a chur leis an bpróifíl. "Téim ag rith (mar dheia) go rialta le roinnt daoine ón Roinn na Ceimice."

Thug Caroline cúnamh le déanaí do thaighdeoirí sa Dámh Eolaíochta agus Innealtóireachta maidir le deontais chun cláir taighde fhochéimithe a mhaoiniú, as a raibh rath ar dhá aighneacht as trí cinn. Idir sin agus an Clár Samhraidh um Thaighde Fhóchéimithe (SPUR), meallfaidh na gníomhaíochtaí seo thart faoi 70 mac léinn ó gach cearn den domhain chun obair a dhéanamh leis taighdeoirí ar fud na hOllscoile. "Is uirlisí cumhachtacha earcaíochta iad na cláir seo chun fochéimithe a bhfuil talann acu a thabhairt ó Éireann agus ó áiteanna thar lear go Má Nuad. Tá súil agam go mbeidh tuilleadh ratha orainn maidir le teacht ar mhaoiniú breise ar na cláir seo sa todhchaí."

I measc a huaillmhianta tá spreagadh tuilleadh acadóirí iarratas a chur isteach ar dheontais sheachtracha agus cúnamh a thabhairt d'iarratasóirí maidir le scríobh deontas d'fhonn tuilleadh foinsí maoiniúcháin a aimsiú ionas gur féidir leo iarratas a chur isteach orthu. "San am céanna bíonn orm iarracht a dhéanamh gan cách san oifig a chur sna céadéaga mar gheall ar mo bhóiléagrachas!" Agus í ag cur na hOllscoile i gcomparáid le roinnt institiúidí acadúla a bhfuil cáil orthu chuaigh a cáirdiúlacht agus a hinrochtaineacht i bhfeidhm ar Caroline. "Tá go leor taighde ar thús cadhnaíochta á dhéanamh anseo, agus má chuirtear é sin san áireamh leis na hathruithe móra agus an borradh atá ag teacht ar earnáil acadúil thríú leibhéal na hÉireann, is ré thar a bheith corraitheach é a bheith i Má Nuad."



PRÓIFÍL:

**An Dr Ronan Foley,
an Roinn Tíreolaíochta,
NIRSA & NCG**



An Dr Ronan Foley



Sular tháinig sé go dtí an Ollscoil in 2003, d'oibrigh Ronan Foley mar Chomhalta Taighde i Scoil an Chomhshaoil ag Ollscoil Brighton ar feadh cúig bliana déag nach mór. I dteannta le Máistreacht i dTíreolaíocht ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, b'ardú céime nádúrtha dó é go dtí a ról reatha mar léachtóir i Roinn na Tíreolaíochta agus mar Chomhalta Taighde ag an NIRSA agus ag an NCG. "Múinim cúrsaí maidir le Córais Faisnéise Gheografacha agus Tíreolaíochtaí Sláinte go príomha ach oibrím le mic léinn chomh maith ar raon leathan tionscadal, oibre allamuigh agus scileanna inaistrithe." Déanann Ronan cur síos ar a roinn mar áit oibre atá muinteartha agus tacúil, áit a bhfuil gach éinne ina thacaí dá chéile. Ina theannta sin, mar bhall de na hionaid taighde a bhfuil naisc acu le ranna eile, bhraitheann sé gur fusa é aithne a fháil ar na baill foirne eile ar bhonn sóisialta agus oibre. Tá dul i ngleic le líon méadaitheach na mac léinn agus teacht ar an am chun a bheith chomh tacúil leo agus is féidir ar cheann de na gnéithe is deacra den phost.

Cuireann na deiseanna a bhaineann le bheith páirteach le hacadúlacht níos fairsinge sceitimíní ar Ronan agus tagraíonn sé do cheardlann a óstáladh le déanaí ag an NCG maidir le hEolaíocht Faisnéise Geagrafaí. Léirithigeann sé é nuair a tharchuirtear eolas, go háirithe i réimsí feidhmeacha ar nós sonraí spásúla criticeacha, go dtí an domhan trí cheardlanna agus trí láithreoireachtaí. Gan trácht ar an bpríbhleáid freastal ar chomhdhála idirnáisiúnta agus idirghníomhú le comhghleacaithe domhanda. "Ó mo theacht go Má Nuad, bhí an t-ádh orm freastal ar chomhdhála in áiteanna chomh éagsúil le Seoul, San Francisco, Bonn, Fort Worth agus...Dún Dealgan!"

Bhain ceann de na tionscadail ab ansa le Ronan le mapáil rochtana ar sheirbhísí aighneachta um shláinte mheabhrach in Londain. "Bhraith sé go raibh tábhacht le tíreolaíocht i ndáiríre agus go bhféadfadh úsáid a bhaint as chun cúnamh agus tacaíocht a chur ar fáil sa saol nithiúil." Baineann an t-ábhar uchta atá aige faoi láthair le tírdhreacha teiripeacha agus le huiscí cneasaithe. "Tá togra do leabhar á scríobh agam faoi láthair maidir le huiscí cneasaithe na hÉireann a mbeidh cur chuige a bhainfidh le tírdhreach teiripeach i gceist leis maidir leis an gcaoi a bhaineann daoine úsáid as uisce le haghaidh cneasaithe i roinnt áiteanna lena n-áirítear tobair naofa, folcadáin Thuirceacha, fothragadh mara, spánna agus tithe allais."

Tá bliain shabóideach faighte ag Ronan le haghaidh 2008-09, tréimhse, tá súil aige, a chaithfidh sé ag obair ar a leabhar agus b'fhéidir glacadh le cuireadh ó Ollscoil Auckland cuairt a thabhairt orthu ar feadh cúpla mí. "Ceapaim gurb é an gairdeas a bhaineann le sos ó theagaisc an t-am a bheith agat léamh agus scríobh a dhéanamh agus machnamh cuí a dhéanamh ar mo theagasc agus ar mo thaighde reatha." Braitheann Ronan go mbaineann roinnt pointí díolacháin dearfacha le Má Nuad. "Bhí an t-ádh orainn i rith na blianta beaga anuas teacht ar roinnt baill foirne nua atá thar a bheith dinimiciúil agus gníomhach. Agus is cosúil i réimse na tíreolaíochta go bhfuil aithint níos fearr orainn i láithreacha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá roinnt saoirse againn chun ár roghanna féin a dhéanamh maidir leis an gcaoi a dhéanaimid ár gcuid teagasc agus taighde. Agus samhlacha nua-liobrálacha ag cúngú ar ghníomhaíochtaí uile an tsaoil sa ré seo, bíodh súil againn go gcoinneoidimid an tsaoirse acadúil agus phearsanta sin mar aon le muinín as ár bhfoireann chun leanúint ar aghaidh ag déanamh sin atá á dhéanamh go maith acu cheana féin."



Ar chúl (ó chlé go deas): An tUasal Emma White, An tUasal Sarah McEvoy, An tUasal Noreen Deegan, An tOllamh Daniel M. Heffernan, An Dr Richard O. Watson & An Dr David B. Redmond. An Lár (ó chlé go deas): An Dr Catherine Comiskey, An tOllamh Anne Ryan, An tUasal Richard George, An tUasal Jim Keenan, An tUasal Amanda O'Hara, Monsignor Dermot Farrell, An tUasal Mike O'Malley, An tUasal Frank Fitzmaurice (An Rúnaí) & An tOllamh Ann Burnell. An Tosach (ó chlé go deas): An tOllamh John Coolahan, An tUasal Ann Marie Brennan, An tUasal Annette Kennedy, An tUasal Dan Flinter (An Cathaoirleach), An tOllamh John G. Hughes (An tUachtarán), An tOllamh Jim Walsh (Uachtarán Ionaid), An tUasal Anastasia Crickley & An tUasal Paula Murray. Baill bhreise nach bhfuil san áireamh sa ghrianghraf: An tUasal Peter Cassells, An tUasal Siobhan Corry, An tEaspag Jim Moriarty, An tUasal Anthony Jordan, An tUasal Anne Heraty, An tOllamh Prionséas Ní Chatháin & An Dr Joseph Timoney.

4. An tÚdarás Rialaithe

LIOSTA BHAILL AN ÚDARÁIS RIALAITHE DE RÉIR AN PHAINÉIL 2005 - 2010

Is é an tÚdarás Rialaithe an comhlacht cinnteoireachta uachtarach de chuid na hOllscoile. Tá sé comhdhéanta de tríocha ball ó laistigh agus lasmuigh den institiúid agus tagann siad lena chéile sé huaire in aghaidh na bliana de ghnáth. Maireann téarma oifige an Údaráis reatha ón 30 Deireadh Fómhair 2005 go dtí an 29 Deireadh Fómhair 2010.

Cathaoirleach	An tUasal Dan Flinter
Ex Officio	An tOllamh John G. Hughes An Dr David Redmond An tUasal Mike O'Malley
Baill na foirne acadúla atá ina nOllaimh nó ina gComh-Ollaimh	An tOllamh Daniel M. Heffernan An tOllamh Anne Ryan
Baill bhuana nó lánaimseartha na foirne acadúla seachas Ollaimh nó Comh-Ollaimh	An Dr Catherine Comiskey An tUasal Anastasia Crickley An Dr Joseph Timoney An Dr Richard Watson
Fostaithe buana nó lánaimseartha na hOllscoile nach baill na foirne acadúla iad	An tUasal Jim Keenan An tUasal Paula Murray
Oifigigh thofa Aontas na Mac Léinn	An tUasal Máirín Condon An tUasal Ciara Kelly
Mac Léinn Iarchéime	An tUasal Gerard Healy
Ainmní IBEC Ainmní ICTU	An tUasal Noreen Deegan An tUasal Annette Kennedy
Ainmnithe Iontaobhaithe Choláiste Phádraig	An tOllamh Oirmhinneach Hugh Connolly An tEaspag Jim Moriarty An tOllamh Prionséas Ní Chatháin
Céimithe na hOllscoile	An tUasal Ann Marie Brennan An tUasal Anthony Jordan
Ainmnithe Sheanad OÉ	An tOllamh Ann Burnell An tOllamh Jim Walsh
Ainmnithe an Aire	An tOllamh John Coolahan An tUasal Siobhan Corry
Baill sheachtracha eile	An tUasal Peter Cassells An tUasal Richard George An tUasal Anne Heraty Folamh



5. Airgeadas, Staitisticí & Urraitheoirí

5.1. Cuntais Ioncaim & Caiteachais

	2006/07		2005/06	
	€	%	€	%
IONCAM				
Deontais Stáit	32,673,662	51	26,491,940	48
Táillí Mac Léinn	28,168,121	44	26,228,949	47
Other Income	3,237,577	5	2,988,134	5
	64,079,360	100	55,709,023	100
Deontais Taighde agus Tionscadail	16,935,349		14,301,509	
	81,014,709		70,010,532	
CAITEACHAS				
Dámha agus Ranna Acadúla	35,414,235	56	31,707,981	57
Seirbhísí Acadúla agus Seirbhísí Eile	6,378,777	10	5,388,252	10
Áitreabh	7,797,304	12	7,392,234	13
Suim Leithdháilte do Chuspóirí Caipitil	2,083,505	3	244,154	1
Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha	5,555,579	9	5,019,344	9
Caiteachas Ginearálta Oideachais	2,713,499	4	2,832,826	5
Seirbhísí Mac Léinn	2,828,206	5	2,659,026	4
Caiteachas Ilghnéitheach	656,744	1	515,454	1
	63,427,849	100	55,759,271	100
Deontais Taighde agus Tionscadail	17,577,349		14,301,509	
	81,005,198		70,060,780	



5.2. Staitisticí Mac Léinn

Mic Léinn de réir Cúrsa agus Bliana

Cúrsaí Céime:	2007-08	2006-07	2005-06	2004-05	2003-04	2002-03	2001-02	2000-01	1999-00
Iarchéimithe sna hEalaíona+	570	633	593	557	574	524	425	347	347
Iarchéimithe in Eolaíocht+	190	190	183	177	176	164	115	111	84
Iarchéimithe in Innealtóireacht	51	42	34	27	22	14	9	4	
MSc i mBogearraí Ríomhaire (Innealtóireacht Bogearraí)*	16	19	18	12	25	19	13	5	9
4ú Bliain san Eolaíocht	90	103	84	95	107	138	138	96	138
3ú Bliain san Eolaíocht	101	76	98	85	93	137	180	203	197
2ú Bliain san Eolaíocht	76	119	89	102	93	98	144	188	229
1ú Bhliain san Eolaíocht	109	104	132	107	110	118	116	174	232
4ú Bliain i bhFisic Theoiriciúil agus Eolaíocht Ríomhaireachta	1	1	5	5					
3ú Bliain i bhFisic Theoiriciúil agus Eolaíocht Ríomhaireachta	0	0	1	5	8				
2ú Bliain i bhFisic Theoiriciúil agus Eolaíocht Ríomhaireachta	0	0	1	1	6	9			
1ú Bliain i bhFisic Theoiriciúil agus Eolaíocht Ríomhaireachta	0	0	0	3	2	6	10		
3ú Bliain i bhFisic Theoiriciúil agus Matamaitic	2	4	3	2	1	1	2		
2ú Bliain i bhFisic Theoiriciúil agus Matamaitic	2	3	5	4	2	1	1		
1ú Bliain i bhFisic Theoiriciúil agus Matamaitic	7	2	3	6	4	2	1		
4ú Bliain in Innealtóireacht Bogearraí	20	27	37	47	46	64	28		
3ú Bliain in Innealtóireacht Bogearraí	17	18	18	33	58	52	70	30	
2ú Bliain in Innealtóireacht Bogearraí	20	18	20	21	31	73	77	78	45
1ú Bliain in Innealtóireacht Bogearraí	26	26	26	35	28	34	77	83	100
4ú Bliain i bhFisic mar aon le Réaltfhisic	12	8	8	5					
3ú Bliain i bhFisic mar aon le Réaltfhisic	12	14	13	8	6				
2ú Bliain i bhFisic mar aon le Réaltfhisic	5	12	15	16	11	6			
1ú Bhliain i bhFisic mar aon le Réaltfhisic	12	4	13	15	17	11	7		
4ú Bliain i Ríomh-Bhitheolaíocht agus Bithaisnéisíocht	4	5	9	15					
3ú Bliain i Ríomh-Bhitheolaíocht agus Bithaisnéisíocht	2	3	6	11	15				
2ú Bliain i Ríomh-Bhitheolaíocht agus Bithaisnéisíocht	4	4	3	6	13	15			
1ú Bhliain i Ríomh-Bhitheolaíocht agus Bithaisnéisíocht	8	4	4	3	5	14	18		
4ú Bliain i mBiteicneolaíocht	15	12	10	15	21	16	23	16	11

Cúrsaí Céime:	2007-08	2006-07	2005-06	2004-05	2003-04	2002-03	2001-02	2000-01	1999-00
3ú Bliain i mBiteicneolaíocht	17	15	13	11	15	22	17	25	18
2ú Bliain i mBiteicneolaíocht	14	19	22	16	14	18	26	20	23
1ú Bliain i mBiteicneolaíocht	24	20	22	27	21	22	17	24	23
4ú Bliain sna hEolaíochtaí Bitheolaíocha	41	25	38						
3ú Bliain sna hEolaíochtaí Bitheolaíocha	41	41	26	38					
2ú Bliain sna hEolaíochtaí Bitheolaíocha	57	45	44	33	40				
1ú Bhliain sna hEolaíochtaí Bitheolaíocha	72	60	46	50	36	38			
4ú Bliain i gCeimic mar aon le Ceimic Chógaisíochta	17	7							
3ú Bliain i gCeimic mar aon le Ceimic Chógaisíochta	19	18	7						
2ú Bliain i gCeimic mar aon le Ceimic Chógaisíochta	11	19	19	15					
1ú Bhliain i gCeimic mar aon le Ceimic Chógaisíochta	11	10	20	15	16				
1ú Bhliain BSc sna hIlmheáin	1								
4ú Bliain i Síceolaíocht trí Eolaíocht	12	18							
3ú Bliain i Síceolaíocht trí Eolaíocht	21	12	18						
2ú Bliain i Síceolaíocht trí Eolaíocht	21	20	16	18					
1ú Bhliain i Síceolaíocht trí Eolaíocht	20	23	20	18	19				
4ú Bliain san Innealtóireacht	18	17	19	20	25				
3ú Bliain san Innealtóireacht	19	19	19	19	23	24			
2ú Bliain san Innealtóireacht	19	17	17	21	20	28	28		
1ú Bhliain san Innealtóireacht	24	33	22	19	18	23	28	30	
1ú Bhliain i nDearadh Táirgí	12								
1ú Bhliain BA san Antraipeolaíocht	18								
3ú Bliain sna hEalaíona	615	597	630	622	607	594	535	526	489
2ú Bliain sna hEalaíona	688	728	745	733	695	674	625	624	567
1ú Bhliain sna hEalaíona	858	809	835	827	850	822	847	800	738
3ú Bliain sna hEalaíona - Céim Onóra Aonábhair	45	37	39	36	45	34	34		
2ú Bliain sna hEalaíona - Céim Onóra Aonábhair	10	28	28	35	30	36	33		
4ú Bliain i mBA Idirnáisiúnta	36	44	25	13	16	15			
3ú Bliain i mBA Idirnáisiúnta	31	40	43	27	17	16	15		
1ú Bhliain i mBainistíocht Gnó	57								
1ú Bhliain i nGnó Eachaí	19								
4ú Bliain i mBA Airgeadais Idirnáisiúnta	2	3							
3ú Bliain i mBA Airgeadais Idirnáisiúnta	0	2	3						
3ú Bliain i mBA Airgeadais	45	59	116	121	93	96	101	60	75
2ú Bliain i mBA Airgeadais	46	43	78	112	111	96	99	86	84
1ú Bhliain i mBA Airgeadais	53	67	73	104	127	124	119	111	124
3ú Bliain in Airgeadas agus Cuntasaíocht	58								
2ú Bliain in Airgeadas agus Cuntasaíocht	94	63							
1ú Bliain in Airgeadas agus Cuntasaíocht	96	80	54						
3ú Bliain in Airgeadas Luathaithe	0	0	1						
3ú Bliain i mBA Ceoil	27	35	26	35	31	29	27	26	29
2ú Bliain i mBA Ceoil	31	29	37	31	33	35	26	24	24
1ú Bhliain i mBA Ceoil	36	27	26	37	41	41	34	29	27

Cúrsaí Céime:	2007-08	2006-07	2005-06	2004-05	2003-04	2002-03	2001-02	2000-01	1999-00
4ú Bliain i mBA Ceoil Idirnáisiúnta	3	3							
3ú Bliain i mBA Ceoil Idirnáisiúnta	0	2							
3ú Bliain i dTeicneolaíocht an Cheoil	27								
2ú Bliain i dTeicneolaíocht an Cheoil	32	32							
1ú Bhliain i dTeicneolaíocht an Cheoil	45	39	39						
4ú Bliain i mBA Idirnáisiúnta i dTeicneolaíocht an Cheoil									
3ú Bliain i mBA Idirnáisiúnta i dTeicneolaíocht an Cheoil	3								
4ú Bliain i Staidéar Eorpach	14	11							
3ú Bliain i Staidéar Eorpach	8	16	8						
2ú Bliain i Staidéar Eorpach	10	13	16	14					
1ú Bhliain i Staidéar Eorpach	24	22	20	22	19				
4ú Bliain in Airgeadas agus Bainistíocht Fiontair	15								
3ú Bliain in Airgeadas agus Bainistíocht Fiontair	19	22							
2ú Bliain in Airgeadas agus Bainistíocht Fiontair	18	21	25						
1ú Bhliain in Airgeadas agus Bainistíocht Fiontair	16	20	28	29					
4ú Bliain i bhFraincis agus Staidéar Stairiúil	0	0	0	0	1	2			
3ú Bliain i bhFraincis agus Staidéar Stairiúil	0	0	0	0	0	1	2		
2ú Bliain i bhFraincis agus Staidéar Stairiúil	0	0	0	1	0	0	2	3	
1ú Bhliain i bhFraincis agus Staidéar Stairiúil	0	0	0	0	0	2	0	3	5
4ú Bliain i nGearmáinis agus Staidéar Stairiúil	0	0	0	2	0	6	0	1	
3ú Bliain i nGearmáinis agus Staidéar Stairiúil	0	0	0	0	2	0	6		
2ú Bliain i nGearmáinis agus Staidéar Stairiúil	0	0	0	0	1	1	0	6	
1ú Bhliain i nGearmáinis agus Staidéar Stairiúil	0	0	0	0	0	3	2	3	7
3ú Bliain i mBA Matamaitice	6								
2ú Bliain i mBA Matamaitice	4	6							
1ú Bhliain i mBA Matamaitice	3	4	10						
3ú Bliain i Staidéar ar na Meán	31	30	38						
2ú Bliain i Staidéar ar na Meán	34	34	35	39					
1ú Bhliain i Staidéar ar na Meán	38	37	38	40	42				
4ú Bliain i mBA Idirnáisiúnta i Staidéar na Meán	4								
3ú Bliain i mBA Idirnáisiúnta i Staidéar na Meán	1								
1ú Bhliain i mBA sna hIlmheáin	15								
1ú Bhliain i mBA sa Pholaitíocht	22								
3ú Bliain i Síceolaíocht	57	38	34	35	36	31			
2ú Bliain i Síceolaíocht	54	57	36	35	38	37	34		
1ú Bhliain i Síceolaíocht	25	21	23	21	25	23	20	16	
Staidéar Sóisialta Feidhmeach	14	18	22	0	34	0	46	47	25
3ú Bliain in Eolaíocht Shóisialta	33	38	43	27					
2ú Bliain in Eolaíocht Shóisialta	43	34	40	45	30				
1ú Bhliain in Eolaíocht Shóisialta	60	50	36	45	44	35			
4ú Bliain i mBA Idirnáisiúnta san Eolaíocht Shóisialta									
3ú Bliain i mBA Idirnáisiúnta san Eolaíocht Shóisialta	1								
Iomlán	5407	5148	5069	4826	4689	4444	4177	3799	3650

Cúrsaí Diplóma:	2007-08	2006-07	2005-06	2004-05	2003-04	2002-03	2001-02	2000-01	1999-00
Ard-Diplóma san Aistriúchan	34	19							
Ard-Diplóma in Oideachas Aosach agus Pobail	23	22	22	24	20	26	27	45	36
Ard-Diplóma i bhFisic Fheidhmeach*	4	1	1	2	4	12	20	31	34
Ard-Diplóma sna hEalaíona (Comhairleoireacht agus Treoir d'Aosaigh)	19	14	20	18	12	9	10	11	7
Ard-Diplóma sna hEalaíona (Feidhmiúcháin na T.F.C. san Oideachas)	0	0	0	0	0	0	33	12	29
(Cill Chainnigh agus Maigh Nuad)									
Ard-Diplóma in Antraipeolaíocht	1	0	0	0	1	0	5	7	
Ard-Diplóma sna hEalaíona (Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil)	0	0	0	0	0	0	9	0	13
Ard-Diplóma in Obair don Phobal	27	41	26	22	18	16	12	16	21
Ard-Diplóma sna hEalaíona (Turasóireacht Chultúrtha)*	0	0	0	0	0	0	0	0	1
Ard-Diplóma sna hEalaíona (Airgeadas)	6	8	6	12	10	11	10	4	1
Ard-Diplóma sna hEalaíona (Cianbhraiteacht)	17	16	15	14	19	0	19	16	14
Ard-Diplóma sna hEalaíona (Treoirchomhairleoireacht Scoile)	25	21	23	20	22	23	23	24	22
Ard-Diplóma in Eolaíocht Eacnamaíoch	3	1	3	6	3	4	1	1	-
Ard-Diplóma san Oideachas	151	141	170	160	161	156	160	169	154
Ard-Diplóma i mBainistíocht Oideachais	26	21	25	28	31	31	28	26	28
Ard-Diplóma san Innealtóireacht Leictreonach	1								
Ard-Diplóma i dTeicneolaíocht Faisnéise*	5	6	6	10	9	16	55	107	148
Ard-Diplóma i dTeagasc agus Foghlaim Nuálaíoch	0	5	20						
Ard-Diplóma i Stair na hÉireann	13	17	13	13	17	19	7	7	4
Ard-Diplóma i Matamaitic	1	3	3	1	1	6	5	4	5
Ard-Diplóma in Eolaíocht Mhatamaiticiúil	2	1	1	1	0	3	0	0	-
Ard-Diplóma i Léann na Matamaitice	3								
Ard-Diplóma i dTeicneolaíocht an Cheoil	3	3	2	0	5	0	2	9	11
Ard-Diplóma i bhFealsúnacht	12	11	10	12	8				
Ard-Diplóma in Innealtóireacht Bogearraí	1	0	0	0	0	0	4	3	1
Ard-Diplóma i Staitisticí	3	3	2	1	1	5	1		
Diplóma larchéime san Ard-Oideachas	21								
Diplóma sna hEalaíona (Comhairleoireacht agus Treoir d'Aosaigh)	15	21	14	16	25	26	26	25	22
Diplóma sna hEalaíona (Staidéar Drámaíochta agus Amharclainne)	27	29	30	29	35	35	21	19	17
Diplóma i Staidéar Andúile	46								
Diplóma i gCeol Eaglasta	12	6	7	9	11	0	6	23	17
Diplóma in Obair don Phobal agus don Aos Óg	68	52	52	37	42	39	42	48	50
Diplóma in Oideachas Leanúnach	0	0	0	0	0	41	23	18	25
Diplóma i Stair Áitiúil	0	0	0	0	0	0	0	0	-
Diplóma i bhFealsúnacht	0	0	0	0	1	7	7	7	5
Diplóma i bhForbairt Tuaithe	7	11	18	22	10	18	19	20	17
Diplóma sa Ghaeilge	44	24	38	25	8				
Teastas larchéime in Antraipeolaíocht	7	1	8						
Teastas Gairmiúil san Teagasc agus Foghlaim	19								
Teastas i dTeagasc agus Foghlaim Shochelaíoch	11								
Teastas in Oiliúint d'Oiliúnóirí i dTreoir d'Aosaigh	0	0	0	17	0	14	20	16	-
Teastas san Eolaíocht	9	6	12	12	25	12			

Cúrsaí Dioplóma:	2007-08	2006-07	2005-06	2004-05	2003-04	2002-03	2001-02	2000-01	1999-00
Teastas san Innealtóireacht	7	5	10	3					
Teastas in Eacnamaíocht, Airgeadas agus Bainistíocht Fiontair	6	5	2						
Teastas an Fhorais Idirnáisiúnta	7	3	2						
Céim Cianoideachais	124	118	117	124	133	131	121	122	107
Céim Iarchéime sa Chianoideachas	0	0	0	0	0	19			
Síneadh Céime d'Innealtóirí (DEFT)	15	21	17	12	9				
Clár Malairte Erasmus Thar Lear	44	63	54	30	25	26	35	8	13
Clár Malairte Erasmus ar Cuairt	196	197	179	169	146	140	121	89	94
Mic Léinn Ócáideacha (Cáilitheoirí agus BATH san áireamh)	283	274	268	268	279	289	321	306	331
Teastas i Litríocht na Gaeilge	0	0	0	0	0	0	9		
Iomlán	1348	1190	1196	1117	1091	1134	1202	1193	1227

Céim Fhochéime Pháirtaimseartha:	2007-08	2006-07	2005-06	2004-05	2003-04	2002-03	2001-02	2000-01	1999-00
BA i Staidéar Áitiúil agus Pobail (Cill Chainnigh agus Maigh Nuad)	194	222	223	184	187	200	230	189	173

Céim Chianfhoghlama:	2007-08	2006-07	2005-06	2004-05	2003-04	2002-03	2001-02	2000-01	1999-00
BSc i bhForbairt Tuaithe	12	14	21	22					

Foriomlán	6961	6574	6509	6149	5967	5778	5609	5181	5050
------------------	-------------	-------------	-------------	-------------	-------------	-------------	-------------	-------------	-------------

* Fuair na cúrsaí seo cúnamh ó Chiste Sóisialta na hEorpa

+ Fuair roinnt de na mic léinn ar na cúrsaí seo cúnamh ó Chiste Sóisialta na hEorpa

Líon na Mac Léinn de réir Dáimhe agus Stádaí Chéimí

	2007-08	%	2006-07	%	2005-06	%	2004-05	%	2003-04	%	2002-03	%
Lánaimseartha												
Dámh Fochéimithe na n-Ealaíon, an Staidéir Cheiltigh agus na Fealsúnachta	3470	50	3192	49	3285	51	3127	51	3005	51	2803	49
Dámh larchéimithe na n-Ealaíon, an Staidéir Cheiltigh agus na Fealsúnachta	708	10	758	12	783	12	761	12	778	13	694	12
Dámh Fochéimithe na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta	1200	17	1142	18	1013	16	981	16	950	16	984	17
Dámh larchéimithe na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta	261	4	253	4	242	4	224	4	233	4	226	4
Fo-iomlán	5639	81	5345	83	5323	83	5093	83	4966	84	4707	82

Páirtaimseartha												
Dámh Fochéimithe na n-Ealaíon, an Staidéir Cheiltigh agus na Fealsúnachta	647	9	596	9	638	10	562	9	560	10	601	10
Dámh larchéimithe na n-Ealaíon, an Staidéir Cheiltigh agus na Fealsúnachta	280	4	216	3	173	3	125	2	123	2	126	2
Dámh Fochéimithe na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta	15	0	38	0	19	0	22	0	9	0	0	0
Dámh larchéimithe na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta	16	0	1	0	6	0	7	0	5	0	14	0
Fo-iomlán	958	13	851	12	836	13	716	11	697	12	741	12
Iomlán	6597	94	6196	95	6159	96	5809	94	5663	96	5448	94

Erasmus ar Cuairt	196	3	197	3	179	3	169	3	146	2	140	3
Erasmus Thar Lear	44	1	63	1	54	1	30	0	25	0	26	0
Teastas NUI i mBainistíocht na Treorach Oideachais d'Aosaigh	0	0	0	0	0	0	17	0	0	0	14	0
Cianoideachas	124	2	118	2	117	2	124	2	133	2	150	3
Iomlán	6917	100	6511	100	6455	100	6119	100	5942	100	5752	100



5.3. Urraitheoirí Taighde

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Analog Devices

Aspire

Atlantic Philanthropies

Austrian Film Magazine Skip

Bayer Schering Pharma AG

Biosensia

Tascfhórsa Drugaí Áitiúil Phobal na Canálach

Carton House Golf Club

An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO)

An tIonad um Staidéar Trasteorann

Lárionad Tithe Stairiúla na hÉireann

Centres for Science, Engineering and Technology (CSET)

Cisco Systems Inc.

Citigroup

Scoláireacht Comhpháirtíochta Chluain Dolcáin 2005

Comhpháirtíocht Chluain Dolcáin Teo

COFORD Clár Taighde Foraoise 2000-2006

An Ghníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaineachta

Connecticut Cooperative Highway Research Program (SAM)

Cumas Teoranta

An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime

DAFRD Research Stimulus Fund

An Roinn Talmhaíochta agus Bia

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

An Roinn Gnóthaí Eachtracha

An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil

Discovery Programme

Economic and Social Research Council (ESRC)

An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI)

Cumann Léann Oideachais na hÉireann (ESAI)

Eircom

Eli Lilly

Scéim Comhaltachta Iardhochtúireachta an Tionscnaimh Embark (IRCSET)

Engineering and Physical Sciences Research Council (EPSRC) Projects
 Clár Taighde Fhiontraíocht Éireann um Theicneolaíochtaí a Chur Chun Cinn
 Scéim Deontais Fhiontraíocht Éireann um Buntaighde
 Ciste Tráchtálaithe Fhiontraíocht Éireann
 Céim Cruthaithe Coincheapa Chiste Tráchtálaithe Fhiontraíocht Éireann
 Céim Forbraíochta Teicneolaíochta Chiste Tráchtálaithe Fhiontraíocht Éireann
 Deontas Staidéar Féidearthachta Fhiontraíocht Éireann
 Staidéar Féidearthachta um Chomhpháirtíochta Nuálaíochta Fhiontraíocht Éireann
 Clár Comhoibrithe Idirnáisiúnta Fhiontraíocht Éireann
 Ciste Fhiontraíocht Éireann um Thaighde Nuálaíochta
 Ulysses Fhiontraíocht Éireann
 Fiontraíocht Éireann/IRCSET
 An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)
 Cumann Eolaíochtaí Comhshaoil na hÉireann (ESAI)
 Environmental Systems Research Institute (ESRI/SAM)
 Clár Cosanta Comhshaoil RTDI an EPA 2000-2006
 Clár STRIVE na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) 2007 -2013
 Clár an Aontais Eorpaigh um Chomhoibriú Eolaíoch Idirnáisiúnta (INCO)
 Tionscnamh an Aontais Eorpaigh um Ghníomh Comhoibrithe Taighde le haghaidh Teicneolaíochta (CRAFT)
 Clár ERASMUS an Aontais Eorpaigh
 Clár Taighde ESPON an Aontais Eorpaigh
 An Cúigiú Clár Creatlaí de chuid an Aontais Eorpaigh (FP5)
 An Séú Clár Creatlaí de chuid an Aontais Eorpaigh (FP6)
 An Seachtú Clár Creatlaí de chuid an Aontais Eorpaigh (FP7)
 Tionscnamh INTAS an Aontais Eorpaigh
 Clár INTERREG an Aontais Eorpaigh
 Clár Leonardo da Vinci an Aontais Eorpaigh (2000 –2006)
 Comhaltachtaí Marie Curie an Aontais Eorpaigh
 Deontas Líonra an Aontais Eorpaigh um Oiliúint Taighde
 Clár Socrates an Aontais Eorpaigh
 Tionscadal STREP an Aontais Eorpaigh
 An Coimisiún Eorpach (Bliain Eorpach na Saorántachta trí Oideachas 2005)
 An Chomhdháil Eorpach um Bitheolaíocht Mhóilíneach (EMBO)
 European Office of Aerospace Research and Development (EOARD)
 Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA)
 Bord Forbartha Fhine Gall
 Foras na Gaeilge
 Ambasáid na Fraince in Éirinn
 Maoiniú Idirmheánach ón HEA
 Clár Thuaidh-Theas an HEA um Thaighde Comhoibrithe
 Clár an HEA um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL SRAITH 4)
 Ciste an HEA um Thionscnaimh Straitéiseacha
 Taighde HEA ar an Earnáil Teicneolaíochta
 HEA/Media Lab Europe
 An Bord Taighde Sláinte (HRB)
 Henkel Loctite Ireland

An Chomhairle Oidhreacht
Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC)
Deontas Trealamh ón HRB
Deontas Cláir ón HRB um Thaighde ar Úsáid Fola agus Heipitíteas C
Dámhachtainí Taighde an HRB
Deontais Tionscadal Taighde an HRB – Ginearálta
Intel Corporation
An Lárionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Áitiúil & Réigiúnach (ICLRD)
International Reading Association
Comhaltachtaí Iardhochtúireachta an IRCHSS
Deontais ón IRCHSS ar Thionscadail Thaighde
Comhaltachtaí Taighde Sinsearach an IRCHSS
Dámhachtain ón IRCSET um Buntaighde
Tionscnamh Embark IRCSET
Scéim Comhaltachta Iardhochtúireachta an IRCSET
Ireland Canada University Foundation (ICUF)
Comhpháirtíocht Éireann-Talamh an Éisc
Clár Cúnamh na hÉireann um Chomhoibriú Straitéiseach idir Chúnamh na hÉireann & an Institiúid Ardoideachais agus Taighde (2007-2011)
Cúnamh Éireann
Ionad Eachaí na hÉireann
Irish Georgian Society
Foras Ospise na hÉireann
An Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS)
Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht (IRCSET)
James agus Adeline Callery
Joint Astronomy Centre (SAM)
Iontaobhas Joseph Rowntree
Coiste Gairmoideachais Chill Dara
Iontaobhas Leverhulme
An Bord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil (LGCSB)
Foras na Mara
Bord Forbartha Chontae na Mí
Microsoft Ireland
Diostróife Mhatánach Éireann (MDI)
An Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí (NACD)
An tIonad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas (NCTE)
An Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Chiníochas agus Idirchultúrachas (NCCRI)
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)
An Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil (NIRSA)
National Rosacea Society (SAM)
Clár Taighde NORFACE ERA-NET
OÉ Má Nuad
Dámhachtain OÉ Má Nuad ar Thaighdeoir Nua
Deontas Foilseachán OÉ Má Nuad
Oifig OÉ Má Nuad um Chur Chun Cinn Cáilíochta

Ciste OÉ Má Nuad um Fheabhsú Taighde
 OÉ Má Nuad, ITT agus DIT
 Suirbhéireacht Ordanáis Éireann
 Oriflame Glocal Technical Centre
 Oifig an Aire Lánpháirtíochta
 Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW)
 Oifig Thithe an Oireachtais
 PLANET Líonra na gComhpháirtíochtaí
 Pro Helvetia, Comhairle Ealaíne na hEilvéise
 Ciste PRODEX (Gníomhaireacht Spáis na hEorpa)
 Raising Performance Ltd.
 Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA)
 Science and Technology Facilities Council
 Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ)
 Seagate Technology Media (Éire)
 Bundeontas Taighde FEÉ
 Deontas Comhdhála agus Ceardlanna FEÉ
 Dámhachtain EUREKA FEÉ
 Forlíonadh Tioscail/Taighde/Trealaimh FEÉ
 SFI Deontas Forbartha Taighdeora
 Deontas Imscrúdaitheora FEÉ
 Dámhachtain FEÉ Uachtarán na hÉireann ar Thaighdeoir Óg
 Clár an FEÉ um Oirir Taighde
 SFI Science Teacher Assistant Researchers (STARS)
 SFI Braisle Taighde Straitéiseach
 Comhaltacht Walton FEÉ
 Solvay Pharmaceuticals B.V.
 Aireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Spáinne
 TDK Electronics Ireland Ltd
 Teagasc
 Comhaltacht Teagasc Walsh
 TRÓCAIRE
 An tÚdarás Comhionannais
 Ionad Acmhainní na Misean Éireannach
 Coláiste Innealtóireachta Iarúsailéim
 Foras na Mara
 Clár T&F Náisiúnta an NHS um Meabhairshláinte Fhóiréinseach (RA)
 Ollscoil Stáit Ohio
 The Wellcome Trust
 Ollscoil Ghlaschú
 US Air Force